

2023

Annual Report
Tuarascáil Bhliantúil





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS DON
BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

Clár

Réamhrá

| | |
|---|----|
| An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí | 7 |
| Struchtúr Corparáideach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | 10 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 12 |
| Fáilte an Stiúrthóra | 14 |
| Misean, Fís, Ról, Bunluachanna | 18 |
| Máistirphlean Forbartha | 19 |
| Straitéis: Ár bhFócas Straitéiseach Leasaithe - go dtí 2023 | 20 |
| 2023 - Figiúirí | 21 |
| Cuspóirí i 2024 | 22 |

Bailiúcháin agus Taighde

| | |
|---|----|
| Liosta na dTaispeántas 2023 | 24 |
| Buaicphointí na dTaispeántas | 25 |
| Buaicphointí - Bailiúchán | 33 |
| Buaicphointí - Caomhnú | 41 |
| Buaicphointí - An Leabharlann agus na Cartlanna | 43 |
| Buaicphointí - Oideachas | 46 |

Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

| | |
|---|----|
| Cumarsáid, Margaíocht agus Rannpháirtíocht Dhigiteach | 51 |
| Tráchtáil | 52 |
| Buaicphointí – Forbairt, Cairde agus Pátrúin | 53 |
| Foilseacháin agus Íomhánna | 61 |

Seirbhísí Corparáideacha

| | |
|---|----|
| Airgeadas | 64 |
| Buaicphointí - Oibríochtaí | 64 |
| Oifig um Chomhlíonadh agus Díl | 65 |
| Tuairisciú Reachtúil agus Oibleagáidí | 66 |
| TF | 76 |
| Acmhainní Daonna | 76 |

Raitis Airgeadais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

| | |
|--|-----|
| Raiteas ar Rialachas | 79 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánachl | 95 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid | |
| Thithe an Oireachtais | 101 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas | 104 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 106 |

| | |
|--|------------|
| <u>Ráiteas ar an Staid Airgeadais</u> | <u>107</u> |
| <u>Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil</u> | <u>109</u> |
| <u>Ráiteas ar Shreabhadh Airgid</u> | <u>112</u> |
| <u>Nótaí leis na Ráitis Airgeadais</u> | <u>114</u> |

Aguisíní

| | |
|--|------------|
| <u>Aguisín 1 – Saothar Faighte i 2023</u> | <u>155</u> |
| <u>Aguisín 2 – Iasachtaí ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann do Thaispeántais Shealadacha i 2023</u> | <u>176</u> |
| <u>Aguisín 3 – Foireann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann – Na Meáin, Léachtaí agus Foilseacháin 2023</u> | <u>180</u> |

RÉAMHRÁ

An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí

Tá suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord. Is í an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a cheapann deichniúr díobh, is comhaltaí de bhrí oifige na n-eagraíochtaí atá liostaithe thíos iad cúigear eile agus ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt de bhun an údaráis a bhronn Acht 1854 orthu. Caitheann na comhaltaí a cheapann an tAire tréimhse cúig bliana ar an mBord. Caitheann na comhaltaí de bhrí oifige tréimhsí éagsúla ar an mBord, ag brath ar bhunreacht na n-eagraíochtaí a mbaineann siad leo.

Tá tuilleadh eolais faoi na téarmaí agus dátaí ceapacháin le fáil ag an suíomh gréasáin seo:

[National Gallery of Ireland State Boards Membership](#)

Comhaltaí de bhrí Oifige:

Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán

An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán

Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán

Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

Na Comhaltaí ar fad:

- Maurice Buckley (Cathaoirleach OPW)
- Mary Canning (Uachtarán RIA) (téarma ar an mBord tagtha chun críche ar an 16 Márta 2023)
- Sandra Collins (ceapadh ar an mBord í ar an 18 Eanáir 2023)
- Diana Copperwhite RHA
- Gary Coyle RHA

- Michelle D. Cullen (ceapadh ar an mBord í ar an 18 Eanáir 2023)
- John Dardis (Uachtarán RDS)
- Dan Flinter
- Patrick Guiry (Uachtarán RIA) (ceapadh ar an mBord é ar an 16 Márta 2023)
- Jacqueline Hall (téarma ar an mBord tagtha chun críche ar an 16 Samhain 2023)
- Hilary Hough (Leas-Uachtarán RDS)
- Gary Jermyn (téarma ar an mBord tagtha chun críche ar an 16 Samhain 2023)
- Mary Keane (Cathaoirleach)
- Margie McCarthy (ceapadh ar an mBord í ar an 18 Eanáir 2023)
- Abigail O'Brien (Uachtarán RHA)
- Adrian O'Carroll (ceapadh ar an mBord é ar an 18 Eanáir 2023)
- John O'Doherty (leas-Chathaoirleach ón 14 Nollaig 2023)
- Barney Whelan (Leas-Chathaoirleach) (téarma ar an mBord tagtha chun críche ar an 16 Samhain 2023)

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leas-Chathaoirleach féin, de bhun an údaráis a bhronn na hAchtanna air.

Tá breis eolais faoi Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí:

[National Gallery of Ireland Board of Governors and Guardians](#)



Ar chúl ó chlé go deas: Niamh O'Connor (Rúnaí an Bhoird), Kim Smit, Dan Flinter, John O'Doherty, Hilary Hough RDS, Gary Jermyn, Barney Whelan, John Dardis RDS, Margie McCarthy, Gary Coyle RHA, Andrew Hetherington, Gillian De Marco.

Chun tosaigh ó chlé go deas: Abigail O'Brien PRHA, An Dr. Sandra Collins, An Dr. Caroline Campbell, Mary Keane, Jacqueline Hall, An Dr. Michelle D. Cullen.

Níl siad seo sa phictiúr: Maurice Buckley OPW, Patrick Guiry PRIA, Diana Copperwhite RHA, Adrian O'Carroll.


Struchtúr Corparáideach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

I *bPlean Straitéiseach an Ghailearaí 2019-2023*, leagtar amach na príomhthosaíochtaí straitéiseacha atá ag an nGailearaí, is iad sin sin, cur le taithí saoil na ndaoine chomh maith le cúram a dhéanamh do na bailiúcháin atá faoinár gcúram. Cuireann an Gailearaí an-bhéim ar dhea-chleachtas rialachais i gcónaí trína chinntiú go bhfuil gach beartas agus nós imeachta i bhfeidhm mar is gá. Tá trí mhórghné straitéiseach an Ghailearaí léirithe i struchtúr na heagraíochta. Is iad na mórghnéithe atá i gceist ná, Rannán na mBailiúchán agus Taighde, Rannán um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Phoiblí, agus Rannán Seirbhísí Corparáideacha. Tá siad seo faoi cheannas Stiúrthóir an Ghailearaí.

Foireann na Ceannaireachta Feidhmiúcháin

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir | Dr Caroline Campbell |
| Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha | Patricia Golden (go dtí 6 Feabhra 2023) |
| Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha | Gillian De Marco (eatramhach, ón 1 Márta 2023; buan ón 15 Nollaig 2023) |
| Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde | Kim Smit |
| Ceannasaí um Forbairt Lucht Spéise agus na Rannpháirtíochta Poiblí | Andrew Hetherington |

Struchtúr na hEagraíochta



Ráiteas ón gCathaoirleach

Thar ceann Bhord Gobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, tá áthas orm *Tuarascáil Bhliantúil 2023* a chur i láthair. Rinne an Gailearaí dul chun cinn tábhachtach ag an nGailearaí i 2023. Chuireamar fáilte roimh os cionn milliún cuairteoir chuig an nGailearaí an bhliain seo caite. Ba é seo an líon ab airde cuairteoirí ó athosclaíodh Sciatháin Stairiúla an Ghailearaí i 2017. Tá lúcháir orainn chomh maith gur tugadh breis agus milliún cuairt ar ár n-ardáin dhigiteacha – rud a chuir ar ár gcumas ceangal a dhéanamh le níos mó daoine ar fud na hÉireann, agus ar fud an domhain.

Bhí ár gclár taispeántais agus an méid a chuireamar i láthair dár lucht spéise thar cionn. Bhí an-spéis ag daoine sa tír seo agus ó thíortha thar lear sa taispeántas *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker*, lena bhfuaireamar tacaíocht ó Bank of America. Rinneadh ceiliúradh ar chéad bliain de na mná a bheith páirteach i bpríomh-acadamh ealaíne na hÉireann sa taispeántas *It Took a Century: Women Artists and the RHA*. Ag deireadh na bliana, bhí cuairteoirí faoi gheasa ag an léargas nua a tugadh ar dhuine de na healaíontóirí is mó cáil in Éirinn sa taispeántas *Lavery. On Location*, lena bhfuaireamar tacaíocht ó Arthur Cox. Tháinig ardú de 29% ar líon na gcuairteoirí chuig an nGailearaí i gcomparáid le 2022 de bharr an méid saothar a chuireamar i láthair.

Is príomhchuspóir dár gcuid cur le bailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. I measc na saothar a fuarthas anuraidh, bhí *La vie des champs* (1876-77) le Paul Cézanne; *Vase of Flowers with an Ear of Corn* (1742) le Rachel Ruysch; *Duft* (1937) le Hannah Höch; agus *The Enchantment of Bottom le Titania* (1922) le Harry Clarke. Táimid buíoch as ucht na tacaíochta a fuaireamar ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán,

agus dár lucht tacaíochta príobháideach a bhí an-hlaithiúil linn, deontóir gan ainm ina measc, agus do Phátrúin Ealaín na hÉireann.

Leanadh le clár leathan oideachais agus rannpháirtíochta poiblí an Ghailearaí - a cuireadh ar fáil chun tacú le gach aoisghrúpa agus raon cumais – tugadh deis do dhaoine cuairt a thabhairt ar an nGailearaí nó a bheith rannpháirteach ar líne agus in ionaid lasmuigh den Ghailearaí féin. I measc bhuaicphointí 2023, bhí an Lá Náisiúnta Líníochta agus clár nuálach, Teiripe um Ealaín Chultúrtha sa phobal, arna mhaoiniú ag Bank of America. Táimid faoi chomaoin ag an Aire Catherine Martin TD agus a cuid oifigeach, as an tacaíocht thábhachtach a thug siad don Ghailearaí agus do na cuairteoirí, agus táimid buíoch d’Oifig na nOibreacha Poiblí chomh maith. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann an Ghailearaí a oibríonn go dian dícheallach, faoi cheannaireacht inspioráideach agus díograiseach Stiúrthóir an Ghailearaí, an Dr Caroline Campbell. Gabhaim buíochas speisialta le gach duine a thacaigh leis an nGailearaí i rith 2023. Tá bhur gcuid oibre ríthábhachtach le go mbeadh rath ar an nGailearaí.

Mary Keane, Cathaoirleach, An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Mary Keane

Fáilte an Stiúrthóra

I 2023, chuir Gailearaí Náisiúnta na hÉireann deich dtaispeántas mar aon len a lán léiriúchán éagsúla i láthair inár ngailearaithe. Chlúdaigh na taispeántais na céadta bliain agus réimse leathan meán ealaíne.

Ag tús na bliana, cuireadh taispeántas bliantúil Uiscédhathanna Glé le J.M.W. Turner ó Thiomnacht Vaughan i láthair i dteannta *Turner: The Sun is God*, a tharla de bharr ár gcomhoibriú le Tate. Thacaigh Grant Thornton, Comhpháirtí Taispeántais Turner, leis an dá thaispeántas. Ar nós Turner, tá an-chion ag ár gcuairteoirí ar John Lavery, agus chuir muid críoch le 2023 leis an taispeántas *Lavery. On Location*, le tacaíocht ó Arthur Cox. Eagraíodh an taispeántas i gcomhpháirtíocht le hlarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann agus Gailearaithe Náisiúnta na hAlban. I rith 2023, chuireamar saothar roinnt ealaíontóirí chomh tábhachtach céanna i láthair nach raibh mórán aithne orthu san am atá thart - díreach toisc gur mhná a bhí iontu.

Ba é *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker*, le tacaíocht ó Bank of America, an chéad mhórthaispeántas monagrafach a reáchtáladh i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann a bhí dírithe ar ealaíontóir. Ba í Fontana an chéad bhean sa Domhan Thiar a bhain cáil amach mar ealaíontóir gairmiúil lasmuigh de dhomhan cúirte nó clochair. Thug an taispeántas agus an clár oideachais leathan níos mó airde uirthi. Chuir muid le taispeántas Lavinia Fontana le *It Took a Century: Women Artists and the RHA*, a léirigh saothair de chuid na mban go léir a toghadh mar bhaill den Acadamh Ibeirneach Ríoga le céad bliain anuas. Cuireadh saothar le Shell/ter Collective le chéile sa taispeántas *Shelter* sa Ghailearaí priontála agus bhí saothar ó cheathrar ban-ealaíontóirí

comhaimseartha san áireamh, le rogha stuama ó bhailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

I mí na Nollag, rinne *Duais Phortráide Zurich* agus *Duais hPortráide Zurich do Dhaoine Óga* ceiliúradh ar bheocht ealaín phortráide na hÉireann agus an diaspóra. Ba í seo an bhliain dheireanach a raibh muid ag obair le Zurich Insurance Plc, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas fadtéarmach don Ghailearaí. I measc na dtaispeántas eile a cuireadh i láthair sa Ghailearaí i 2023, bhí, *James Coleman: Still Life, 2013-16, Pastel Revealed*, le tacaíocht ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, *Roller Skates and Ruins*, léiriú spleodrach i dtrí leagan amach ar Dheich mBliana na gCuimhneachán, chomh maith le cur i láthair ábhar cartlainne a bhaineann leis an nGhailearaí ó thréimhse na réabhlóide. Eagraíodh an dá thionscadal sin, mar aon le *Sarah Purser: Private Worlds*, faoi choimirce Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann. Tá príomhról ag rannán na mbailiúchán Leabharlainne agus Cartlainne an Ghailearaí maidir le cláir an Ghailearaí, agus ba mhaith liom aird a tharraingt go speisialta ar a gcuid preabthaispeántais agus a dtiomantas do thaighdeoirí agus do réimse leathan lucht spéise, ar bhonn pearsanta agus go digiteach. A bhuí le Fondúireacht Samuel H. Kress agus Ciste Maoirseachta na Comhairle Oidhreachta, bhí ar ár gcumas níos mó de chartlann shuntasach idirnáisiúnta Sir Denis Mahon, agus leabhair Mhiontuairiscí Bhord an Ghailearaí suas go dtí 1970, a dhigitiú agus a fhoilsiú.

Luaigh an cathaoirleach a lán de na saothair thábhachtacha a bhí ar chumas an Ghailearaí a fháil i 2023, de bharr na tacaíochta ón rialtas mar aon le tacaíocht phríobháideach. Ag deireadh na bliana, chuireamar *Original Sins le Hughie O Donoghue* (2022) leis an mbailiúchán náisiúnta, trí Scéim do Bhronnadh Oidhreachta faoi Alt 1003. Tá lúcháir orainn go bhfuil an tsraith saothar seo le

duine de na healaíontóirí is mó le rá atá gníomhach in Éirinn, agus a rinneadh i ndialóg le *The Marriage of Strongbow and Aoife* (1854) le Daniel Maclise, curtha lenár mbailiúchán anois.

Tá clú agus cáil an Ghailearaí ag dul i méid thar lear an t-am ar fad. I 2023, rinne muid é seo a bhuanú trí phríomh-chomhpháirtíochtaí agus iasachtaí. Ina measc seo, tá Fondúireacht Phoebus, Antwerp (iasachtóirí do thaispeántas Naomh Dymphna), agus taispeántas suntasach Vermeer sa Rijksmuseum, chomh maith le forbairt tionscadal tábhachtach taighde le Fondúireacht Getty agus Mauritsuis. Tá réimse gníomhaíochta an chaomhnaithe ag méadú, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Ivor O'Shea agus de bharr a fhlaithiúlacht linn, tá sé ar ár gcumas an chéad Saotharlann Taighde Eolaíoch a bhunú i músaem ealaíne in Éirinn. Ba mhaith liom freisin ár mbuíochas a ghabháil le Cairde Meiriceánacha agus Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann as a n-abhcóideacht agus a dtacaíocht leanúnach.

Is cuid thábhachtach dár gcuid oibre a bheith de shíor ag cur lenár lucht spéise. I 2023 ghlac 352,293 páirt inár ngníomhaíochtaí oideachais. Oibrímid le gach aoisghrúpa, ó leanaí go pinsinéirí. Díríodh go háirithe i mbliana ar ghníomhaíocht a fhorbairt le comhpháirtithe nua, ina measc, baill den Lucht Siúil agus scoileanna chun tuilleadh rannpháirtithe a thabhairt isteach. Táimid buíoch as ucht na tacaíochta ó lucht maoinithe, ina meac, Bank of America agus SMBC Aviation Capital a chuir ar ár gcumas an obair seo a dhéanamh. Táimid ag obair go dian chun cláir a chur ar fáil in áiteanna lasmuigh den Ghailearaí féin, le tograí ar nós *Drawing on the Lawn* sa samhradh, agus ár gceardlanna idirghlúine ar líne, agus tionscadail pobail, Frontline in Inse Chór, san áireamh. Ba mhaith linn níos mó den chineál seo oibre a dhéanamh sa todhchaí.

Is músaem digiteach agus fisiceach é músaem an lae inniu, agus i 2023 lean an Gailearaí ag cur lena lucht spéise trí ardáin ar líne. Táimid rangaithe mar phríomhfhóras cultúrtha na hÉireann ar na meáin shóisialta, mar aon le méadú de 16% tagtha ar líon na gcuariteoirí ar shuíomh Gréasáin an Ghailearaí. Tá an Gailearaí fós tiomanta do rochtain níos fearr a bheith ag an bpobal ar íomhánna den scoth ón mbailiúchán náisiúnta, saor in aisce, trí íomhánna a chur ar fáil ar ardán Creative Commons. Tá breis agus 1,500 íomhá ó ealaíontóirí, ina measc, Degas, Titian, Orpen agus Jellett ar fáil don phobal anois.

Táimid thar a bheith buíoch dár lucht tacaíochta agus dár bpáirtithe leasmhara ar fad, ina measc, an tAire Catherine Martin TD agus na hoifigigh sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, agus dóibh siúd a mhaoiníonn agus a chuireann an Gailearaí agus a ghníomhaíochtaí chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí an Ghailearaí, agus lenár gCathaoirleach, Mary Keane, as gach a ndéanann siad ar son an Ghailearaí. Ar deireadh, tá an Gailearaí faoi chomaoin i gcónaí ag an bhfoireann agus oibríthe deonacha díograiseacha. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd ar fad a d'oibrigh sa Ghailearaí agus a chuir a chuspóirí chun cinn i 2023.

Dr Caroline Campbell, Siurthóir, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann



Misean, Fís, Ról agus Bunluachanna

Is é ár **misean** cúram a dhéanamh don ealaín, í a léirmhíniú, forbairt a dhéanamh uirthi agus í a thaispeáint ar bhealach a fhágann go bhfuil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit spreagúil chun taithí a fháil ar ealaín.

Fís: tá sé mar aidhm againn taithí den scoth a chur ar fáil le spéis san ealaín a spreagadh agus chun léirthuisct a thabhairt do chuile dhuine ar an ealaín.

Ról: tá muid tiomanta maidir le daoine agus a n-ealaín a thabhairt le chéile.

Bunluachanna:

Ionracas – déanaimid rudaí ar na cúiseanna cearta agus tugann muid taithí shaibhir ar an ealaín do dhaoine.

Oscailteacht – tá caidrimh againn le raon leathan lucht spéise agus páirtithe leasmhara. Glacann muid go fonnmhar le héagsúlacht agus cothaíonn muid comhionannas. Bíonn ár ndoirse ar oscailt seacht lá na seachtaine agus tá saorchead isteach.

Cruthaitheacht – tá muid cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil. Spreagaimid ár lucht spéise trí chur go mór lena gcuid eolais ar an ealaín agus leis an taitneamh a bhaineann siad aisti.

Saineolas – tá cuid mhaith speisialtóirí againn, a roinneann a gcuid scileanna, aaineolas agus a léargais go toilteanach lenár lucht spéise uile, ar líne agus sa Ghailearaí féin, ar bhealaí atá samhlaíoch agus spreagúil.

Máistirphlean Forbartha

I Seomra Shaw an Ghailearaí, i mí Aibreáin 2018, d'fhógair airí rialtais *Tionscadal Éireann 2040*, áit ar fógraíodh go gcuirfí feabhas ar an mbonneagar cultúrtha.

Tá an Gailearaí ag déanamh a mhíle dícheall cur leis an rath a bhí ar na chéad chéimeanna den MPF, a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2017 nuair a athosclaíodh sciatháin stairiúla athchóirithe Dargan agus Bhaile an Mhuilinn.

Déanfar an chéim dheiridh den MPF a bhainistiú de réir cheanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

I mí na Samhna 2020, chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán treoir nua ar fáil maidir leis an Rialachas agus na Socruithe Oibriúcháin idir an Roinn féin, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus an Gailearaí, chun Tionscadal Éireann 2040 a chur chun cinn.

Ag deireadh 2021, cuireadh Athbhreithniú ar Mheasúnacht Straitéiseach an Ghailearaí i gcrích.

Bhí an Gailearaí i mbun rannpháirtíochta go rialta le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán i rith 2023 chun ullmhú do phleanáil don chéim dheireanach den MPF. Lean Oifig na nOibreacha Poiblí le hobair ar athchóiriú Uimh.7 Cearnóg Mhuirfean Thuaidh mar oifig shealadach d'fhoireann an Ghailearaí, ionas go mbeifear in ann athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh oifige ag 88–89 Cearnóg Mhuirfean Thiar.

Stratéis: Ár bhFócas Straitéiseach Leasaithe – go dtí 2023

Tá an Gailearaí ag leanúint ag díriú ar na spriocanna straitéiseacha leasaithe:

- 1. Rannpháirtíocht Níos Leithne** – Rannpháirtíocht a leathnú agus a dhoimhniú leis an lucht spéise chomh maith agus is féidir.
- 2. Foinsí Maoinithe Inbhuanaithe** – Acmhainneacht agus saoirse níos fearr a bhaint amach ó thaobh airgeadais
- 3. Oidhreacht an Ghailearaí a Chur Chun Cinn agus Cur leis An mBailiúchán** – Oidhreacht bheo an Ghailearaí agus an Bhailiúcháin Náisiúnta a chothú agus a fheabhsú.

I 2023, chuir an Gailearaí tús le hobair ar Phlean Straitéiseach nua don tréimhse 2024–28.

2023 - Figiúirí

- 10 Taispeántas
- 16,938 Saothar sa Bhailiúchán
- 74 Saothar a Fuarthas
- 1,017,636 Cuardaíocht chuig an nGailearaí
- 352,293 Rannpháirtí Oideachais
- 1,025,034 Cuardaíocht ar an Suíomh Gréasáin
- 214,911 Leantóir ar na Meáin Shóisialta
- 40,007 Síntiúsóir don Nuachtlitir
- 2,290 Alt Preasa
- 1,566 Saothair nua a cuireadh leis an Leabharlann agus na Cartlanna
- 10,857 Mír Leabharlainne agus Cartlann a rinneadh a dhigitiú
- 1,222 Cúnamh do Thaighdeoirí
- 9 Foilseachán
- 20,503 Foilseachán a scaipeadh
- 4,600 Íomhá ardaifeach a íoslódáladh saor in aisce
- 3,800 Cairde an Ghailearaí
- 182 Fostaí
- 148 Oibrí deonach

Cuspóirí i 2024

De réir ár gComhaontas Feidhmíochta 2023, tá sé mar chuspóir againn:

1. Fáilte a chur roimh 800,000 cuairteoir chuig an nGailearaí.
2. 225,000 leantóir a bheith againn ar ár bpríomhardáin meán sóisialta (Facebook, Instagram, LinkedIn agus X).
3. Gníomhaíochtaí oideachasúla a chur ar fáil do 346,250 cuairteoir.
4. Deich gcinn de thaispeántais shealadacha a léiriú. Beidh ticéid le fáil i gcomhair dhá cheann díobh.
5. Leanúint ar aghaidh ag cur lenár gcultúr ionchuimsitheach, éagsúlachta agus comhionannais chun a chinntiú go mbeidh eispéireas spleodrach, lúcháireach agus tumthach ag daoine ar spéis leo Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus go mbainfidh gach duine taitneamh as.

BAILIÚCHÁIN AGUS TAIGHDE

Liosta Taispeántas 2023

Turner: The Henry Vaughan Bequest (1 Eanáir – 31 Eanáir)

James Coleman: Still Life, 2013–2016 (21 Eanáir – 8 Deireadh Fómhair)

St Dymphna. The Tragedy of an Irish Princess (28 Eanáir – 28 Bealtaine)

Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker (6 Deireadh Fómhair – 27 Lúnasa)

Pastel Revealed (25 Feabhra–5 Meitheamh)

It Took a Century: Women Artists and the RHA (1 Iúil–22 Deireadh Fómhair)

Shelter (8 Iúil –12 Samhain)

Lavery. On Location (7 Deireadh Fómhair –14 Eanáir 2024)

Sarah Purser: Private Worlds (21 Deireadh Fómhair –25 Feabhra 2024)

Zurich Portrait Prize & Zurich Young Portrait Prize (2 Nollaig–10 Márta 2024)

Buaicphointí na dTaispeántas

Turner: *The Henry Vaughan Bequest*

(1 Eanáir 2023–31 Eanáir) | Gailearaí na bPriontaí | Saorchead isteach

Coimeádaí: Niamh MacNally

Turner: The Henry Vaughan Bequest – seo an taispeántas bliantúil, le saorchead isteach, d’uiscedhathanna glé de chuid Turner, a thiomnaigh an bailitheoir Sasanach Henry Vaughan i 1900. I mbliana, cuireadh 31 saothar de Thiomnacht Vaughan, agus cúig uiscedhath breise de chuid Turner, mar aon le hocht gcinn de phriontaí an ealaíontóra, *Liber Studiorum*, a bhfuil an-chion orthu.

Tacaíocht le mórtas ó Grant Thornton, Comhpháirtí Taispeántais Turner

James Coleman: *Still Life, 2013–2016*

(21 Eanáir – 8 Deireadh Fómhair) | Seomra Hugh Lane | Saorchead isteach

Coimeádaí: Donal Maguire

Taispeánann suiteán físe James Coleman a rinneadh le déanaí, *Still Life, 2013-2016 (yellow version)*, teilgean ciúin ar mhórscála de phoipín stoite le cúlra dubh. Ba é seo an chéad taispeáint den saothar sa Ghailearaí – bliain tar éis é a fháil i mí Feabhra 2022 – agus an chéad uair a cuireadh é i láthair in Éirinn. Oibríonn Coleman, a rugadh i gContae Ros Comáin, go príomha le teilgean scannán agus sleamhnán. Is ceannródaí ealaíne suiteán lionsa-bhunaithe é, agus tá sé aitheanta go hidirnáisiúnta de bharr a thionchar ar ealaín choincheapúil deireadh an fhichiú haois.

St Dymphna. The Tragedy of an Irish Princess

(28 Eanáir –28 Bealtaine) | An Mórghailearaí | Saorchead isteach

Coimeádaithe: An Dr Brendan Rooney agus an Dr Lizzie Marx

Ba léiriú nuálach a bhí sa taispeántas seo de na painéil atá ann fós de chúlmhaisiú altóra a phéinteáil Goossen Van der Weyden (garmhac le Rogier Van der Weyden) timpeall 1505 agus atá tiomnaithe don naomh Éireannach, Naomh Damhnait sa 7ú haois. Bhí na painéil le feiceáil i gcásanna a sheas astu féin sa Mhórghailearaí. Is é seo an t-aon saothar ealaíne atá ar eolas a thugann léargas chomh mion ar shaol an naomh áirithe seo, agus is é an saothar is luaithe dá leithéid a dhírigh ar naomh Éireannach. Martraíodh Damhnait sa Bheilg, áit a raibh meas uirthi go stairiúil mar phátrún de chuid na ndaoine a bhí ag fulaingt le meabhairghalar. Saothar íocónagrafaíochta saibhir ar ardchaighdeán is ea an altóir agus coimisiúnaíodh í do Theampall Mhuire i Mainistir Tongerlo gar do Antwerp, áit a raibh sí go dtí an t-ochtú aois déag. Tógadh as sin í ní ba dhéanaí, agus gearradh i roinnt píosaí í, agus is dócha gur díoladh na píosaí. Cuireadh dromchla nua ar an altóir in Geel sa bhliain 1837, cé nach raibh ceann de na painéil ann, agus tugadh ar ais do phobal na mainistreach í, agus díoladh í arís go luath san fhichiú haois. Chaomhnaigh Fondúireacht Phoebus atá lonnaithe in Antwerp go paiteanta í le déanaí.

Eagraithe i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Phoebus, Antwerp

Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker

(6 Bealtaine–27 Lúnasa) | Sciathán Beit (Seomraí 6–10) | Ticéid

Coimeádaí: An Dr Aoife Brady

Bhí an mórthaispeántas *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker* ina ábhar iontais, agus ba díol suntais an t-aiseolas idirnáisiúnta a tháinig ó léirmheastóirí, lucht acadúil agus gairmithe músaem. B'ionann an t-aiseolas dearfach seo agus an t-aiseolas a tháinig ón bpobal i gcoitinne a thug cuairt ar an taispeántas. Bhí *The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon* (1599) de chuid an Ghailearaí féin lárnach sa taispeántas, a rinne iniúchadh agus athscrúdú ar shaol agus ar shaothar an ealaíontóra, agus ina raibh iasachtaí ó bhailiúcháin mór le rá san Iodáil, sna Stáit Aontaithe agus níos faide i gcéin. Dúirt an tOllamh Catherine R. Puglisi, agus í ag críochnú a léirmheas sa *Woman's Art Journal* (im. 44, Fómhar/Geimhreadh 2023), 'gur thug 'taispeántas Bhaile Átha Cliath agus an chatalóg a bhain leis tuiscint níos doimhne ar ealaín Lavinia Fontana agus Bolognese milieu'.

Tacaíocht le mórtas ó Bank of America, Comhpháirtí Taispeántais

Pastel Revealed

(25 Feabhra–5 Meitheamh) | Gailearaí na bPriontaí | Saorhead isteach

Coimeádaí: Adrian Le Harivel agus Niamh MacNally

Léirigh *Pastel Revealed* saibhreas bhailiúcháin pastail an Ghailearaí. Bhí saothair thar thréimhse ceithre chéad bliain sa taispeántas. Taispeánadh saothair le healaíontóirí oilte as Éirinn agus ó thíortha thar lear, agus léiríodh an dóigh ar athraigh an teicníc pastail le himeacht ama, agus rinne daoine ar nós Edgar

Degas sa Fhrainc an teicníc a chur ar chomhcheim leis an bpéintéireacht. Bhí saothar le healaíontóirí eile sa taispeántas seo chomh maith, ina measc, Rosalba Carriera, Hugh Douglas Hamilton, Jean-François Millet, Edgar Degas, Maurice Marinot, Harry Kernoff, agus Brian Bourke.

Tacaíocht ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

It Took a Century: Women Artists and the RHA

(1 Iúil–22 Deireadh Fómhair) | Seomra 21 | Saorchead isteach

Coimeádaithe: Dara McElligott agus an Dr Brendan Rooney (Gailearaí Náisiúnta na hÉireann) Patrick T. Murphy agus Kate McBride (Acadamh Ealaíne Ibeirneach Ríoga)

Léiríodh comhoibriú tábhachtach le comhpháirtithe in Éirinn agus thar lear sa chlár taispeántas. Bhí *It Took a Century: Women Artists and the RHA* chun tosaigh ina measc. Cuireadh tús leis an bpleanáil don taispeántas seo le linn na paindéime. Léirigh an taispeántas obair na 59 bean a toghadh chun bheith ina mbaill den Acadamh Ibeirneach Ríoga ó bunaíodh é, agus rinneadh comóradh ar dhá chéad bliain an acadaimh. Tugann an teideal le fios nár toghadh an chéad bhean le bheith ina ball iomlán den acadamh go dtí 1923. Bhí saothair i raon leathan meán sa taispeántas, a tógadh go príomha as bailiúcháin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus an AIR (RHA).

Eagraithe ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus an Acadamh Ealaíne Ibeirneach Ríoga.

Shelter

(8 Iúil–12 Samhain) | Gailearaí na bPriontaí Saorchead isteach

Coimeádaí: Anne Hodge

Thaispeáin *Shelter* saothair ealaíne nua a chruthaigh an cúigear ball den Shell/Ter Artist Collective (S/TAC). Oibríonn Diana Copperwhite, Allyson Keehan, Niamh McGuinne, Sharon Murphy agus Geraldine O'Neill i bhformáidí éagsúla: péinteáil, dealbhóireacht, priontáil méadaithe agus grianghrafadóireacht. Comhlánaíodh a saothar siúd le roinnt réad ó bhailiúchán an Ghailearaí, agus píosaí le healaíontóirí idirnáisiúnta a dtagann a saothar agus a gcleachtadh le hobair an Chomhghrúpa. Rinne siad iniúchadh ar an gcoincheap agus ar an sainmhíniú ar dhídean. Rinne siad leathnú agus cur isteach ar mhodhanna traidisiúnta taispeántais chun taispeántas spleodrach, a bhfuil ábhar machnaimh ann a chruthú.

Lavery. On Location

(7 Deireadh Fómhair–14 Eanáir 2024) | Sciathán Beit (Seomraí 6–10) | Ticéid

Coimeádaithe: An tOllamh Kenneth McConkey agus an Dr Brendan Rooney

Lavery. On Location: rinne an taispeántas seo ceiliúradh ar dhuine de na healaíontóirí is mó a bhfuil tóir air in Éirinn, agus bhí sé ar an sceideal i dteannta roinnt taispeántas Éireannach eile. De bharr cheapachán an Ollaimh Kenneth McConkey, an t-údarás aitheanta ar shaol agus ar shaothar Lavery, mar aoi-choimeádaí, bhí údarás ar leith ag baint leis an tionscadal, agus chuir sé eolas agus rochtain ar shaothair i mbailiúcháin phríobháideacha ar fáil don Ghailearaí. Chuir rogha na bpictiúr, a léirigh raon taistil Lavery

ón bhFrainc sna 1880í go California sna 1930í – ag taisteal i Maracó, san Eilvéis, in Albain agus in Éirinn, agus áiteanna eile, ar an mbealach i láthair, agus tugadh deis do lucht spéise ginearálta eolas a fháil ar ghné eile de shaothar an ealaíontóra atá thar a bheith tábhachtach ach nach raibh mórán eolais faoi . Thaistil an taispeántas ó Bhaile Átha Cliath go dtí Iarsmalann Uladh i mBéal Feirste, agus ar aghaidh go dtí Gailearaithe Náisiúnta na hAlban i nDún Éideann i 2024.

Tacaíocht le mórtas ó Arthur Cox LLP, Comhpháirtí Taispeántais. Eagraithe ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, i gcomhar le Músaeim Náisiúnta TÉ agus Gailearaithe Náisiúnta na hAlban.

Sarah Purser: Private Worlds

(21 Deireadh Fómhair–25 Feabhra 2024) | Seomra Hugh Lane | Saorchead isteach

Coimeádaí: Donal Maguire

Sháraigh Sarah Purser mórán srianta a cuireadh ar mhná a linne chun ról lárnach a ghlacadh i bhforbairt na healaíne nua-aimseartha Éireannach, i gcleachtas taispeántais agus i bpátrúnacht. Is díol suntais an méid a bhain sí amach aici mar urlabhraí agus mar ghníomhaí ar son na n-ealaíon in Éirinn, agus bhí sí cleachtas brabúsach portráide aici ar feadh a saoil fhada. Mar sin féin, is ina cuid íomhánna den ghnáthshaol, agus ina portráidí de chairde agus de bhaill teaghlaigh, is fearr a fheictear a cumas ealaíne agus a feasacht ar fhorbairtí sa phéintéireacht nua-aimseartha.

Chuir an taispeántas rogha na saothar olaí is fearr le Purser i láthair, ag cur béime ar an spéis a bhí aici i stíl portráidíochta níos pearsanta agus i radharcanna a bhain le saol teaghlaigh. Ní

hamháin gur léirigh na saothair a bhí ar taispeáint gné dá cleachtas nach raibh mórán eolais faoi roimhe sin, ach bhain siad lena hoiliúint i bPáras agus lena spéis i gcónaí i bpéintéireacht nua-aimseartha na hEorpa.

Le tacaíocht ó BSL, urraitheoir ar Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann.

Duais Phortráide Zurich & Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga

(2 Nollaig 2023–10 Márta 2024) | Portrait Gallery | Saorchead isteach

Coimeádaithe: Dara McElligott agus Niamh MacNally

Tháinig na céadta iarratas isteach ó gach cearn d'Éirinn chomh maith le go leor ó thíortha eile don chomórtas Duais Phortráide Zurich agus 'Duais Phortráidí Zurich do Dhaoine Óga 2023. Ina measc bhí saothair i réimse leathan meán, ó ghrianghraif agus líníochtaí go dealbhóireacht agus péintéireacht. Ba dhúshlán a bhí ann do na moltóirí (Dorothy Cross RHA, ealaíontóir; an Dr Nicholas Cullinan, Stiúrthóir, Gailearaí Náisiúnta na bPortráidí, Londain; agus Anne Stewart, Coimeádaí Sinsearach Ealaíne, Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann) de bharr ardchaighdeán na hoibre agus bhí sé deacair gearrliosta de fiche sé saothar a roghnú ar dtús, agus ansin na buaiteoirí a roghnú. Cuireadh na saothair, a roghnaíodh go cúramach, ar taispeáint taobh le gearrliosta de shaothair ealaíne don Duais Portráidí Zurich do Dhaoine Óga. Roghnaíodh *Ann and Ollie, Main Street, Wexford, 2023* de chuid David Stephenson, mar bhuaiteoir Dhuais Phortráide Zurich. Roghnaíodh *Armand, 2023* de chuid Marie Smith's agus *Shota, 2021* de chuid Mantas Poderys' mar an dá

shaothar a raibh ardmholadh ag dul dóibh. Roghnaíodh *Self-Portrait, 2023*, pictiúr ar chanbhás le Ruaidhrí Condon (aois 15) mar bhuaiteoir iomlán Dhuais Phorthráide Zurich.

Taispeántas urraithe ag comhlacht Zurich Insurance Plc, agus eagraithe ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Buaicphointí - Bailiúchán

Saothar Faighte nua

Paul Cézanne (1839-1906)

La vie des champs, 1876–77

Ola ar chanbhás

27.5 × 35.2 cm

Ceannaithe, 2022, le tacaíocht speisialta ó Rialtas na hÉireann agus cúnamh flaithiúil ó dheontóir príobháideach

NGI.2023.1

Críochnaíodh *La vie des champs* (“An Saol sna Páirceanna”) sa bhliain 1877, an bhliain inar shocraigh Cézanne a chuid oibre a thaispeáint leis na hImpriseanaithe arís, tar éis dó a bheith as láthair ar feadh trí bliana. Baineann sé le tréimhse ríthábhachtach i saol ealaíne Cézanne, agus is sampla luath tábhachtach é den dóigh ar fhorbair sé a stíl inaitheanta féin. Tagann an pictiúr seo ón am céanna ar aistrigh Cézanne ón stíl níos dorcha, foréigineach agus an stíl thiubh péinteála a chonacthas ina phictiúir roimhe sin, agus é ag gluaiseacht i dtreo pailéad dathanna níos éadroime, níos ildathach, ag baint úsáide as stríocadh scuaibe comhthreomhara chun mothúcháin a chur in iúl, agus rinne sé iniúchadh níos mó ar na féidearthachtaí i dtaobh peirspictíochta agus fad uait.

Rachel Ruysch (An Háig 1664 –1750 Amstardam)

Vase of Flowers with an Ear of Corn, 1742

Ola ar chanbhás

50.6 × 40.2 cm

Ceannaithe, 2023

NGI.2023.20

Meastar go bhfuil Rachel Ruysch mar dhuine de na péintéirí neamhbheo bláthanna is tábhachtaí dá ré. Rinne sí saothair d'uaisle agus don uasaicme iasachta, agus bhí sí fós ag péinteáil nuair a bhí sí sean, agus bhí sí ina 78ú bliain nuair a chríochnaigh sí an saothar bláthanna seo. Anseo, cuireann Ruysch crobhaing álainn bláthanna i láthair, ina measc, tiúlipí, hiasaintí, lusanna míonla agus rósanna. Is annamh a bhíonn dias arbhair, le crotal ar nós pháipéir uirthi, ina cuid pictiúir bláthanna. I gcodarsnacht leis an stíl ghruama bhagrach a bhí le sonrú ina saothar neamhbheo ní ba luaithe, léiríonn an péintéireacht seo suairceas agus stíl ní ba ghile gile a bhain lena cuid saothar sa tréimhse ní ba dhéanaí.

Hannah Höch (Gotha 1889–1978 Iarthar Bheirlín)

Duft, 1937

Ola ar chanbhás

80 × 70 cm

Ceannaithe, 2023

NGI.2023.21

Tugtar *Duft air seo*. Ciallaíonn sé 'cumhracht', agus is féinphortráid nocht atá ann den ealaíontóir. Léiríonn Höch, duine a raibh antionchar aici ar ealaín na Gearmáine san fhichiú haois, í féin ag fáil boladh na mbláthanna a choinníonn sí isteach lena corp agus na mbláthanna atá timpeall uirthi. Tá a cuid lámh caol trasna ar a chéile in eacstais mar a bheadh naomh ann. Tá na dathanna spleodrach agus léiritheach seachas a bheith nádúraíoch, rud a

chuireann le mothúchán draíochtúil an radhairc. Tá gnéithe áirithe, ar nós pheitil na mbláthanna curtha i láthair i ndathanna codarsnacha agus is cosúil go bhfuil siad srathach, rud a léiríonn scil an ealaíontóra i ndáil le fótamontáis, grafaicí agus gloine dhaite.

Estella Solomons (1882–1968)

Night in Achill, 1916

Eitseáil ar pháipéar

10 × 19.5 cm

Ceannaithe, 2023

NGI.2023.32

Sa radharc oíche seo de theachíní in Acaill, léiríonn Solomons a scil maidir le línte éagsúla haitseáilte a úsáid chun ton, uigeacht agus atmaisféar a chruthú sa tírdhreach. Bhí an stíl bunaithe ar phrionsabail na hAthbheochana Eitseála, agus tugann mionsonraí agus nádúr spontáineachta sa phictiúr le fios gur oibrigh Solomons go díreach ón dúlra, in ullmhú na híomhá. Bhí Solomons cumasach ag cur an dorchadais in iúl, i radharc oíche mar seo, taobh le caolshráid uirbeach nó faoi scáth lá dorcha.

Hugh O'Connor (r.1975 Baile Átha Cliath)

Sinéad O'Connor – 8 Good Reasons, 2014

Prionta lí chartlainne ar pháipear loinnreach snáithín-bhunaithe mínealaíne Hahnemühle

62.7 × 59.7 cm (íomhá)

Ceannaithe, 2023

NGI.2023.33

Ghlac O’Conor an grianghraf nádúrtha seo i mBré agus é i mbun scannánaíochta ab fhíseáin cheoil do shingil O’Connor ‘8 Good Reasons’ i 2014. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an amhrán, a léiríonn lagmhisneach agus seasmhacht nuair a théann an saol in aghaidh daoine, ó fuair O’Connor bás i 2023. Tá tábhacht mar an gcéanna ag baint leis an ngrianghraf seo, ina léirítear nóiméad faoisimh chiúin. Cuireann solas glé an gheimhridh réalachas agus láithreach bhreise in iúl sa ghrianghraf agus tarraingíonn sé aird ar an ngrá atá ag an amhránaí d’fheisteas sa slí ina bhfuil an solas ag tarraingt airde ar a bríste leathair agus a héide sagairt.

Dairine Vanston (Baile Átha Cliath 1903–1988 Baile Átha Cliath)

On Huband Bridge, Dublin, 1974

Ola ar chanbhás

55 × 80 cm

Bronnta, 2023

NGI.2023.34

Léiríonn saothar Vanston ó na 1970idí agus na 1980idí réimse na dtionchar, idir ealaíonta agus comhshaoil, faoinar oibrigh an t-ealaíontóir. Tá tírdhreacha, ábhar neamhbheo, pictiúir bláthanna, portráidí agus saothar teibí i meáin éagsúla le fáil anseo agus chuirfeadh sé Ciúbachas déanach André Lhote i gcuimhne duit. Níos treise ná sin, chuirfeadh sé saothar an Eispriseanaí Gearmánach, Franz Marc i gcuimhne duit ó thaobh téama agus comhdhéanamh, agus ealaín dhúchasach Chósta Ríce de bharr an phailéid spleodrach a bhíonn le féiceáil go minic i saothar an ealaíontóra. Ar Dhroichead an Mhóta, Léiríonn *On Huband Bridge*

Baile Átha Cliath sainchomhartha aitheanta i mBaile Átha Cliath, cúpla nóiméad siúil ó bhaile agus stiúideo Vanston ar Chorrán Shráid an Mhóta, ach cheapfá gur áit éigin thrópaiceach atá ann.

Hughie O'Donoghue (r.1953)

Original Sins, 2022

Ola, meáin mheasctha ar tharpól

350 × 275 cm (gach saothar)

Tabhartas oidhreachta, 2023

NGI.2023.40

Is suiteán saincheaptha é seo de shé mhórchanbhás a ceapadh mar fhreagra ar *The Marriage of Strongbow and Aoife* le Daniel Maclise, agus suiteáladh iad in aice leis i Seomra Shaw sa Ghailearaí. Tá spéis as cuimse ag O'Donoghue i nádúr neamhbhuan na staire le fada an lá, agus na bealaí ina bhfuil sé srathaithe, ilghnéitheach agus ceangailte le cuimhne phearsanta agus poiblí araon. Téann sé i ngleic leis na hábhair chasta seo in *Original Sins* agus tagairt á déanamh aige do phearsana stairiúla a roghnaíodh go cúramach. Tá triúr fear agus triúr ban, triúr Éireannach agus triúr as an mBreatain sa tsraith. Seo daoine a chuir ar bhealaí agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus go dtí pointí éagsúla, leis an tuiscint atá ag muintir na hÉireann agus na Breataine orthu féin.

Edward A. McGuire (Baile Átha Cliath 1932–1986 Baile Átha Cliath)

Paddy Moloney (1938–2021), Musician, Composer, Producer, 1982

Ola ar phainéal

76.2 × 60.9 cm

Ceannaithe, 2023

NGI.2023.68

Tar éis dó portráid de Patrick Kavanagh a tharraingt i 1961, chuir Edward McGuire tús le 'speisialtóireacht iontach' mar a tugadh air, agus rinne sé portráidí de go leor filí agus scríbhneoirí Éireannacha eile, agus fir agus mná ó réimsí eile de shaol poiblí na hÉireann. Is sampla maith í an phortráid ordúil seo, atá thar a bheith snasta agus scéimreach, den cheoltóir iontach agus bunaitheoir The Chieftains Paddy Moloney, de shaothar McGuire. B'fhearr leis an ealaíontóir a shuiteoir a chur i láthair i suíomhanna diolba taobh istigh, ag breathnú trí fhuinneog nó a gcúl leis an bhfuinneog nó le cúlra ina raibh patrúin athfhillteacha.

Harry Clarke (Baile Átha Cliath 1889–1931 An Eilbhéis)

The Enchantment of Bottom by Titania, 1922

Gloine dhaite i gcaibinéad adhmaid

Ceannaithe, le tacaíocht ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na

hÉireann (Pátrúin Chistí Ealaíne na hÉireann), 2023

NGI.2024.3

Léiríonn an painéal gloine dhaite seo radharc as scannán grinn rómánsúil *A Midsummer Night's Dream* de chuid Shakespeare. Is seo ceann de chúig shaothar dá leithéid a rinne Clarke. Sa dráma, tá Nick Bottom agus Fairy Queen Titania curtha faoi gheasa draíochta, agus dá bharr sin tháinig cloigeann asail ar Bottom agus thit Titania i ngrá leis. I bpainéal Clarke, tá an bheirt

neamhdhealraitheacha ina luí siar i gceapach le lucht freastail na síóg agus an Rí cunorach Oberon ina seasamh in aice láimhe. Choimisiúnaigh Sir Robert Woods an saothar agus tá an painéal comhdhéanta de thrí leathán gloine, plátáilte ionas go mbeidh raon dathanna agus toin le feiceáil, agus tá sé socraithe istigh i gcaibinéad de chuid James Hicks.

Rembrandt van Rijn (1606–1669)

Landscape with Cottages and a Hay Barn, 1641

Eitseail le lorg turbheara ar pháipéar

14.5 × 32.4 cm

Ceannaithe, 2023

NGI.2024.13

Is seo an chéad phrionta le Rembrandt a cuireadh isteach sa bhailiúchán. Sa phrionta fíorálainn seo, léiríonn an t-ealaíontóir trí áit chónaithe atá an-difriúil óna chéile – cathair shaibhir ar chlé, teach mainéir le duine saibhir ar dheis, agus áit cónaithe simplí faoin tuath sa lár. Cé go bhfuil sé réalaióch, níl aon amhras ach gur saothar de chuid shamhlaíocht Rembrandt é an radharc, a cruthaíodh ina stiúideo as móitífeanna éagsúla a chonacthas mórthimpeall faoin tuath. Is í Amstardam an chathair atá le feiceáil i bhfad uainn ar chlé, agus is dócha gurb iad fothracha eastáit Kostverloren atá i gceist, áit ar tharraing Rembrandt pictiúir de arís agus arís eile. Gan amhras, is léaráid luath atá anseo, ina bhfuil áilleacht ag baint leis an dóigh a raibh Rembrandt ag méaraíocht le solas agus scáth chun tosaigh sa phictiúr.

*** Tá liosta iomlán de na saothair faighte i 2023 le fáil in
Aguisín 1**

Buaicphointí – Caomhnú

Tionscnamh Caomhnaithe Canbháis Fhondúireacht Getty

Chruthaigh an mórthionscadal taighde agus caomhnaithe seo deis ar leith chun eolas maidir le caomhnú a chur chun cinn i dtaobh chóireálacha struchtúracha a dhéanamh ar shaothair ar thaca teicstíle. Díríodh ar dhá shaothar ealaíne ó chúlraí stairiúla agus struchtúir theicniúla phictiúrtha éagsúla ó bhailiúchán an Ghailearaí. Is iad *Saint Joseph with the Christ Child*, le Giovanni Francesco Barbieri, ar a dtugtar Guercino (1591–1666), ola ar chanbhás (NGI.192) agus dhá cholláis le Juan Gris (1887–1927), *A Guitar, Glasses and a Bottle and Carafe*, agus *Cups and Glasses* (NGI.1313.1–2). Bhí caomhnóirí sinsearacha agus eolaí taighde an Ghailearaí, chomh maith le roinnt aoi-chaomhnóirí sinsearacha ó mhúsaeim idirnáisiúnta agus institiúidí caomhnaithe, agus triúr caomhnóirí óga, a earcaíodh trí phróiseas roghnúcháin idirnáisiúnta, ag obair air agus d'éirigh leo an tionscadal dhá mhí dhéag a chur i gcrích. Thug an tionscadal seo deis freisin chun malartú idirnáisiúnta a chur chun cinn i measc ghairmithe, mic léinn, scoláirí agus saineolaithe i réimse an chúraim struchtúraigh agus caomhnú na bpictiúr ar chanbhás.

Clár Intéirneachta Caomhnaithe na Comhairle Oidhreachta

Don cheathrú bliain as a chéile, bhí an Gailearaí i gcomhpháirtíocht le Gailearaí Hugh Lane maidir le clár intéirneachta na Comhairle Oidhreachta. D'oibrigh an t-intéirneach faoi mhaoirseacht coimeádaithe sinsearacha agus eolaí taighde sa tSaotharlann Taighde Eolaíoch a bunaíodh le

gairid. Is é cuspóir na gné nua seo d’oiliúint chaomhnaithe ná tuiscint a fháil ar chleachtais agus ar phróisis ealaíontóirí tríd an gcineál ábhar agus na modhanna a úsáideadh i gcruthú réada éagsúla sna bailiúcháin ón dá ghailearaí a mheas.

An Teaghlach Naofa le Naomh Iaróm

Bhíothas den tuairim ar dtús gurbh é an t-ealaíontóir Veinéiseach, Jacopo Palma il vecchio, (c.1479–1528) a rinne an painéal álainn ola ar a dtugtaí *An Teaghlach Naofa* (NGI.580). Ceannaíodh é i Londain i 1906, agus bhí sé i stóras go dtí 2023 mar gheall ar an drochríocht ina raibh é. I 2023, rinneadh cóireáil athchóirithe iomlán ar an saothar seo. A bhuí le tacaíocht ó Chairde an Ghailearaí Náisiúnta, bhí ar chumas an Ghailearaí micreascóp optúil nua a cheannach agus dá bharr seo, bhíothas ábalta comhdhéanamh eiliminteach na lí a nochtadh. Tar éis an phróisis athchóirithe, tugtar *An Teaghlach Naofa le Naomh Iaróm ar an saothar*. Deirtear anois gur ó Cheardlann Bonifazio de’ Pitati (1487–1553) a tháinig an saothar agus cuireadh i láthair é lena thaispeáint ina bhunfhráma óraithe ar stíl Sansovino.

Saotharlann Taighde Eolaíoch

De bharr bunú na Saotharlainne Taighde Eolaíoch, cuireadh go mór lenár gcumas anailíse agus lenár dtiomantas i dtaobh Ionad Barr Feabhais Caomhnaithe a chur chun cinn. I rith na bliana, fuarthas ionstraimíocht anailíse ceannródaíoch le tacaíocht ó Ivor O’Shea. Díreoidh an clár taighde ar anailís theicniúil na n-ábhar. Tá sé mar chuspóir againn idirdhealú a dhéanamh idir ábhair

neamhorgánacha agus ábhair orgánacha, ag cur san áireamh an cineál saothar ealaíne éagsúla i mbailiúcháin an Ghailearaí.

An Leabharlann agus na Cartlanna

Taispeántas 'Buail Isteach'

Tugann taispeántais 'buail isteach' deis ábhar a thógáil amach as stóras agus na seoda atá i leabharlann agus i gcartlann an Ghailearaí a chur i láthair i gcomhair lucht spéise nua.

- Le linn Sheachtain na hOidhreachta, bhí *Threads Through the Archive* ag cuardach i gCartlann Yeats chun féachaint ar an mbróidnéireacht a rinne mná Chuala. Ina dhiaidh sin bhí ceardlann bróidnéireachta láimhe ar siúl agus d'fhreastail breis is tríocha bean uirthi.

- Páipéar & Gloine: Thionscail Gloine Dhaite na hÉireann, tugadh deis don phobal eolas a fháil faoi na cartlanna iontacha gloine dhaite atá i seilbh an CSIA. Bhí breis agus 150 duine i láthair. - Taispeántas speisialta do Lá Bloom – Ag Léiriú Ulysses: Buaicphointí Joyceach ón Leabharlann agus na Cartlanna.

- *Ag léiriú Ulysses: Buaicphointí Joyceach ón Leabharlann agus na Cartlanna* – ba thaispeántas buail isteach speisialta é a cruthaíodh do Lá Bloom.

Uasdátú tionscadal 'Source'

Fuair an Gailearaí maoiniú ó Fhondúireacht Samuel H. Kress chun bailiúcháin ar leith a bhaineann le healaín na hIodáile atá i

gCartlann Sir Denis Mahon a dhigitiú, a chaomhnú agus a fhoilsiú. Ba é cuspóir an tionscadail rochtain a chur ar fáil ar na cartlanna agus na scéalta a bhaineann le healaín Bharócach ar ár n-ardán bailiúcháin dhigiteacha Source. Mar cheann de phríomhghníomhaíochtaí sa réimse seo, rinneadh digitiú ar thrí bhailiúchán de chuid Chartlann & Leabharlann Sir Denis Mahon: a chartlann ghrianghrafadóireachta, a cheanglán taighde agus roinnt leabhar luathphriontáilte. Rinne an tionscadal seo éacht sa dóigh a ndearnadh acmhainn dhigiteach tiomnaithe a chruthú do chartlanna an scoláire iomrátaigh seo.

I 2023 chomh maith, seoladh Miontuairiscí Chruinnithe Bhord Gobharnóirí agus Chaomhnóirí an Ghailearaí Náisiúnta ar *Source*. Thug Ciste Maoirseachta na Comhairle Oidhreachta tacaíocht don tionscadal, a rinne catalógú, digitiú, tras-scríbhinn ar na leabhair mhiontuairiscí ó 1855–1970 . Rinneadh tras-scríbhinní inchuardaithe go hiomlán ina raibh 4,148 leathanach de théacs mar thoradh ar thras-scríobh uathoibríthe AI ar na leabhair mhiontuairiscí. De bharr na hoibre spreagúla seo, is é an Gailearaí an chéad cheann de na forais chultúir náisiúnta a sholáthair rochtain ar líne ar mhiontuairiscí – paipéir Boird stairiúla.

Sarah Purser: Domhain Phríobháideacha

Cuireadh roinnt de na holaí is fearr de chuid Purser ar taispeántas i *Sarah Purser: Private Worlds* agus léiríodh a suim i stíl portráidíochta ní ba dhlúthphearsanta. Chabhraigh an taispeántas le cur le hobair Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann maidir le saothar ealaíontóirí ban as Éirinn a chur chun cinn agus ar taispeántas. Ba é an ceann deireanach é i sraith de dheich seó i bhfócas, a cruthaíodh le deich mbliana anuas, a rinne iniúchadh

ar ghnéithe d’ealaín na hÉireann bhíothas ábalta é sin a dhéanamh de bharr thacaíocht fhlaithiúil BSL.

Saothar Nua a Fuarthas

Cartlann Roderic O’Conor

Ceannaíodh cartlann thábhachtach a bhaineann leis an bpéintéir Éireannach Roderic O’Conor (1860–1940) ag ceant ó Isabelle Goxe & Laurent Belaisch, Páras. Tá litreacha ó phiaraí ealaíne Uí Chonchúir, ina measc, Joseph Milner Kite, Francis Brooks Chadwick, Mortimer Menpés agus Ernest de Chamaillard, sa chartlann. I measc na n-ábhar eile atá sa chartlann, tá litir ón dealbhóir Éireannach John Hughes, a chaith tamall i bPáras. Tá roinnt sceitsí agus roinnt nithe a bhaineann le Renee Honta, bean chéile an ealaíontóra, sna bailiúcháin chomh maith.

Bróidnéireacht Susan Mary ‘Lily’ Yeats

Tá athrú draíochtúil le sonrú i mbróidnéireacht dheireanach Cuala le Susan Mary ‘Lily’ Yeats seachas na saothair a chruthaigh sí roimhe sin. Tá sé bunaithe ar dhearadh le Boris Anrep, a choimisiúnaigh W.B. Yeats. Ceannaíodh an saothar don Leabharlann agus na Cartlanna sa Bonhams Irish Sale, mí na Samhna 2023.

Buaicphointí - Oideachas

Clár Pobail Lavinia Fontana

Chomhoibrigh muid le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe-Ros Comáin, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus an t-ealaíontóir pobail agus an t-oideachasóir Helen Monaghan ar *The Pockets Project*. Bhí sé ar siúl i nGaillimh agus bhí meascán do léann stairiúil na healaíne, de theicnící fuála agus d'obair phobail i gceist leis seo. Ghlac mná ón Lucht Siúil agus ón bPobal i gcoitinne páirt ann. D'fhoghlaim siad faoi shaol agus faoi shaothar Lavinia Fontana, agus iad ag athbhunú teicnící agus nósanna traidisiúnta ó oidhreacht an Lucht Siúil. Tháinig an grúpa go dtí an Gailearaí chun cuairt a thabhairt ar *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker*, roinneadar a dtaithí ar an tionscadal agus bhronn siad a gcuid pócaí orainn, agus chuireamar ar taispeáint iad i Siopa an Ghailearaí.

De bharr spreagtha ó *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker* agus le tacaíocht ó Bank of America, d'oibríomar le Seirbhísí Foréigean Baile Saoirse agus an Teiripeoir Ealaíne Andrea Plunkett chun *No Words* a fhorbairt ina n-úsáidtear modheolaíocht inmhacasamhlaithe chun nascadh le mná atá leochaileach agus líonraí tacaíochta um dhrochíde sa teaghlach, trí theiripe ealaíne cultúrtha. Bhí na snáitheanna seo a leanas san áireamh sa tionscadal: Seisiúin Teiripe Ealaíne Lasmuigh de Láthair agus seisiúin tacaíochta céadfach do leanaí i suíomhanna tearmainn; Seisiúin Forbartha Gairme (CPD) Teiripe Ealaíne don Fhoireann Oideachais agus don fhoireann ó Sheirbhísí Foréigean Baile Saoirse sa Ghailearaí; agus Laethanta Teaghlaigh sa Ghailearaí d'úsáideoirí Sheirbhísí Foréigean Baile Saoirse.

Chomh maith leis sin, bhí grúpa teiripe ealaíne dúnta níos fadtéarmaí ar siúl ar bhonn seachtainiúil i Stiúideo Oideachais an Ghailearaí, agus d'fhreastail rannpháirtithe ó bhonn cliant Saoirse orthu. Leanfaidh an tionscadal ar aghaidh agus muid ag obair chun an mhodheolaíocht seo a fhorbairt agus an clár a leabú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith leis an méid a fhoghlaimíonn muid a scaipeadh trí fhoilseacháin, cur i láthair agus taispeántais.

Tionscnaimh Líníochta Nua

Tá seisiúin teagaisc nua a chuirtear ar fáil ag am lóin mar chuid dár gclár foghlama ar feadh an tsaoil san áireamh i *Drawing the Collection*. Bíonn ceacht líníochta neamhfhoirmiúil bunaithe go díreach ar shaothar ón mbailiúchán ar siúl do na rannpháirtithe sna gailearaithe uair sa mhí. Bhí an-tóir ar an imeacht am lóin seo agus bhí na seisiúin lán go rialta. Tacaíonn sé lenár n-uaimhian straitéiseacha i dtaobh rannpháirtíocht i leith an bhailiúcháin bhuan a mhéadú agus líníocht a spreagadh sna gailearaithe.

I mí Iúil, bhogamar amach taobh amuigh ionas go bhfeicfeadh níos mó daoine na cleachtais ealaíne ionchuimsitheach agus muid ag spreagadh gach aoisghrúpa, cumas agus náisiúntacht a bheith linn ag réamhchúirt Chearnóg Mhuirfean i gcomhair *Drawing on the Lawn*. Bhí na seisiúin seo ar siúl ar an Déardaoin, bhí saorchead isteach, ar chumas daoine buaileadh isteach, agus bhí siad neamhfhoirmiúil agus féinstiúrtha. Spreagadh na rannpháirtithe chun breathnú ar façade agus timpeallacht an Ghailearaí agus iad a tharraingt.

Comhoibriú le cúrsa Tríú leibhéal

Modúl creidiúnaithe ocht seachtaine a bhí i *Memory Machines: Archival Art Practices*, agus ba é an ceathrú bliain againn ag scrúdú *Ealaín+ Scríbhneoireacht* agus muid ag comhoibriú le Clár MA an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha *Ealaín sa Domhan Comhaimseartha*. Chabhraigh an modúl le taighde iarchéime ar chartlanna an Ghailearaí agus ar ealaíontóirí Éireannacha. Scrúdaigh na mic léinn acmhainneacht chartlanna an ghailearaí i gcomhthéacs dioscúrsa comhaimseartha sa taispeántas *Roller Skates & Ruins*.

De bharr ár gcomhoibriú le hAcadamh Ríoga Ceoil na hÉireann cuireadh clár dinimiciúil agus nuálach taighde, cumadóireachta agus léirithe ar fáil spreagtha ag *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker*. Baineadh úsáid as uirlisí agus cóirithe stairiúla agus cumadóireacht úrnua, agus chuir an clár ceol le cumadóirí ban eisceachtúla i láthair agus bhí i bhfad níos mó i gceist ann don lucht spéise seachas díreach bheith ag féachaint ar radharc. Bhí preabléirithe sa taispeántas agus iad ar fáil in a lán gailearaithe, agus cuireadh críoch leis an gclár le ceolchoirm i Seomra Shaw. Bhí an chéad premiere domhanda de *Makeda* san áireamh, sin píosa nua ón gcumadóir óg agus pianódóir Laoise McMullen, a cruthaíodh mar fhreagra do *The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon*, 1599 le Fontana.

Leanaí agus Teaghlaigh

Bhí a lán teaghlaigh sa Ghailearaí i rith 2023, agus na gníomhaíochtaí ina mbíonn teaghlaigh páirteach ag dul ó neart go neart. Ba í seo an chéad bhliain iomlán ina raibh ár *gCeardlanna*

Buail Isteach do Theaghlaigh ar an Domhnach ar siúl i Seomra Shaw. Reáchtáil muid daichead ceardlann ina ndearnadh iniúchadh ar shaothair ealaíne agus téamaí sa bhailiúchán agus sna taispeántais. Ba i Seomra Shaw a bhí ár gceardlanna do leanaí néara-éagsúil ar siúl i rith mhíonna an tsamhraidh, agus chuir muid tús in athuair lenár gceardlanna do leanaí sa Ghailearaí.

Lean *Let's get creative!*, ár gceardlann idirghlúine ar líne, ar aghaidh agus chinntigh sé seo go bhféadfadh teaghlaigh ar fud na tíre agus níos faide i gcéin a bheith rannpháirteach lena nGailearaí Náisiúnta. Lasmuigh den Ghailearaí, chomhoibrigh an Fhoireann Oideachais le Féile Ceoil agus Ealaíon Kaleidoscope do Theaghlaigh ag Teach Russborough, agus cuireadh ceardlanna ar fáil do leanaí óga agus do dhéagóirí araon chun ceol agus ealaín a nascadh.

Chomhoibrigh muid freisin le Frontline, in Inse Chór chun tús a chur le tionscadal nua for-rochtana luathbhlianta, *Artline*. Oibríonn Frontline le daoine atá ag fulaingt de bharr andúile, agus cuirtear cúram leanaí ar fáil do leanaí na n-úsáideoirí seirbhíse.

D'oibríomar leis an ealaíontóir Mags Harnett chun ceardlanna céadfacha a reáchtáil gach mí do leanaí sna luathbhlianta san ionad in Inse Chór.

FORBAIRT LUCHT SPÉISE AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA

Cumarsáid, Margaíocht agus Rannpháirtíocht Dhigiteach

D'fháiltigh an Gailearaí roimh 1,017,636 cuairteoir i 2023, méadú de 29% ar an líon cuairteoirí i 2022 agus an líon cuairteoirí ab airde ó 2017. Ba é an 22 Meán Fómhair (Oíche Chultúir) an lá ba ghnóthaí den bhliain nuair a bhí méadú de 30% ar an líon cuairteoirí chuig an láthair i gcomparáid le 2022. Bhí 18 dturas téamúil saor in aisce san áireamh i gclár na hoíche. Fuair cuairteoirí eolas maidir le *La vie des champs* (1876–77) le Paul Cézanne, agus rinneadh ceiliúradh ar bhailiúchán Francach an Ghailearaí lenár gcomhoibriú le hAmbasáid na Fraince, *Painting Mirror*.

Chríochnaigh an taispeántas *Turner: The Sun is God*, i mí Feabhra. Ba don taispeántas seo a eisíodh an ceathrú líon ab airde de thicéid i gcomhair thaispeántas sa Ghailearaí le blianta beaga anuas. Bhí an taispeántas bliantúil *Turner: The Henry Vaughan Bequest* ar taispeáint ag an am céanna, agus dá bhrí sin thug líon ard daoine cuairt ar an nGailearaí i mí Eanáir. Bhí aird na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta ar *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker* agus fuair sé moladh ó na léirmheastóirí. Mar thoradh ar shraith laethanta preasa don taispeántas seo, foilsíodh 13 alt náisiúnta agus 25 alt idirnáisiúnta. Bhí an-tóir ar thaispeántas an Gheimhridh, *Lavery. On Location*, i measc lucht spéise in Éirinn roimh an Nollaig agus ghnóthaigh sé ráta sástachta de 97% ó chuairoteoirí a ndearnadh suirbhé orthu. Ba don taispeántas seo a heisíodh an cúigiú líon ab airde de thicéid i gcomhair thaispeántas sa Ghailearaí le blianta beaga anuas.

San fhómhar, chuireamar i láthair sraith le ceithre pháirt san oíche dar teideal *Thursday Lates*, sraith d'imeachtaí ceoil, ealaíne,

ceardaíochta agus dearaidh saor in aisce a bhí ann, maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán chun tacú le geilleagar oíche.

Bliain rathúil ab ea 2023 chomh maith ó thaobh clúdach preasa don Ghailearaí. I measc na mbuaicphointí bhí ceithre ghrianghraf de chuid an Ghailearaí ar leathanach tosaigh an Irish Times agus rinneadh clúdach go forleathan ar *Dhuais Phortráide Zurich agus Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga*. Taispeánadh éadálacha nua, le *La vie des champs* le Paul Cézanne, *The Enchantment of Bottom by Titania* le Harry Clarke agus *Vase of Flowers with an Ear of Corn* le Rachel Ruysch clúdaithe go maith sa tír seo agus go hidirnáisiúnta.

Tráchtáil

I 2023, lean gníomhaíochtaí tráchtála an Ghailearaí ag teacht chucu tar éis na paindéime. Mar chuid d'athfhás na Rannóige Tráchtála, rinneadh ceapacháin nua foirne. Ceapadh Bainisteoir Rannpháirtíochta Corparáidí agus Imeachtaí agus Bainisteoir Miondíola nua, a earcaíodh chun maoirseacht agus forbairt a dhéanamh ar fruiliú ionaid agus imeachtaí an Ghailearaí, agus a ghníomhaíochtaí miondíola.

Bhí bliain rathúil ó thaobh díolacháin de ag Siopa an Ghailearaí mar thoradh ar réimse táirgí nua a bhain go sonrach le taispeántais, comhoibriú um dhearaidh Éireannacha, promóisean agus imeachtaí inar bhuaile custaiméirí le déantóirí. Le linn próiseas pleanála miondíola an Ghailearaí, díriodh go sonrach ar chur leis an réimse táirgí a bhaineann leis an mbailiúchán náisiúnta agus luach € an idirbhirt custaiméara a mhéadú.

Lean oibreoirí na gcaiféanna ag forbairt a gcuid caiféanna agus a dtairiscintí lónadóireachta. Tháinig méadú ar áirithintí póstaí, searmanais sibhialta agus áirithintí fruilithe eile, agus níor fhás áirithintí imeachtaí corparáideacha chomh maith céanna le teacht suas le leibhéal áirithintí roimh an bpaindéim. Chríochnaigh an Gailearaí uasghrádú teicniúil ar na hallaí léachtaí.

Eisíodh os cionn 65,000 ticéad do trí thaispeántas le ticéid a reáchtáladh i rith na bliana féilire. Ba iad na taispeántais le ticéid ná Turner: *The Sun is God*, *Lavinia Fontana: Trailblazer Rule Breaker* agus *Lavery: On Location*.

Buaicphointí – Forbairt, Cairde agus Pátrúin

Míle buíochas lenár maoinitheoirí, lenár gcomhpháirtithe corparáideacha, lenár gcuid ball agus leis na deontóirí a thacaigh leis an nGailearaí.

- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
- Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Cairde Meiriceánacha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

Saothar Cézanne nua a fuarthas

D'fhógair an Gailearaí go bhfuair siad an saothar *La vie des champs* le Paul Cézanne. Bhí ar chumas an Ghailearaí an saothar a fháil de bharr cúnamh flaithiúil agus speisialta ó Rialtas na hÉireann agus tabhartas daonchairdis príobháideach.

An tSaotharlann Taighde Eolaíoch

Bhí ar chumas an Ghailearaí é seo a fhorbairt le tacaíocht dhaonchairdiúil Ivor O'Shea. Chomhoibrigh an Gailearaí le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an chéad chéim d'fhorbairt na Saotharlainne Taighde Eolaíoch a chur i gcrích, ag cinntiú go gcomhlíonann an tsaoráid nua seo na caighdeáin caomhnaithe agus sábháilteachta is airde.

SMBC Aviation Capital

Lean SMBC Aviation Capital lena dtacaíocht don togra *Do Ghailearaí ar Scoil*, clár for-rochtana iomlánaíoch do scoileanna a bhfuil sé mar aidhm aige na constaicí a bhíonn roimh dhaoine óga agus iad ag plé le healaín a shárú.

Arthur Cox

Chuir Arthur Cox tús le Comhpháirtíocht Chorparáideach trí bliana leis an nGailearaí trí thacú go fial, mar Chomhpháirtí Taispeántais, le taispeántas *Lavery. On Location* a bhfuil clú agus cáil air.

Grant Thornton

Mar Chomhpháirtí Taispeántais Turner, thacaigh Grant Thornton le Turner: *The Henry Vaughan Bequest*, a bhí ar siúl ar feadh mhí Eanáir ag an am céanna le *Turner: The Sun is God*, a chríochnaigh i mí Feabhra. Is i mí Eanáir 2023 a taifeadadh an líon cuairteoirí ab airde riamh sa Ghailearaí.

Bank of America

Tar éis dó tacaíocht a thabhairt do chaomhnú *The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon*, 1599, thug Banc Mheiriceá tacaíocht fhlaithiúil don taispeántas *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker*, agus do chlár speisialta *Teiripe Ealaíne sa Phobal* a cuireadh ar siúl ar bhonn píolótach i bpáirt leis an taispeántas.

Deontóirí aonair

Brian Kennelly S.C.

Brian agus Susan Dickie

Ivor O'Shea

John agus Eleanor Sullivan

Laurie M. agus Brendan Keegan

Tony Ahearne

agus daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt

Comhpháirtithe agus Urraitheoirí Corparáideacha

Arthur Cox LLP

Bank of America

BSL

Grant Thornton

KBC

Bank Ireland Plc

Northern Trust

Permanent TSB

SMBC Aviation Capital

Sotheby's

Zurich Insurance Plc

Fondúireachtaí agus Soláthróirí Deontas

Fondúireacht Apollo

Iontaobhas Esmé Mitchell

Fondúireacht Getty

An Chomhairle Oidhreachta

Fondúireacht H. W. Wilson

Fondúireacht Samuel H. Kress

Fondúireacht Sir Denis Mahon

Fondúireacht Tavolozza

Pátrúin Chiorcal Dargan

Jay Krehbiel

Ivor O'Shea

Pátrúin chiorcal an Stiúrthóra

Donal agus Cecilia Gallagher

Donal agus Suzanne Casey

Lady Sheelagh Davis-Goff

agus daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt

Pátrúin Chiorcal an Choimeádaí

Adrian agus Jennifer O'Carroll

Chris Horn agus Karlin Lillington

David Hansell agus Dr Nora Grenager

Lady Mary Hatch agus Simon Avery

Margaret Glynn

Neil Westreich

Paul agus Pam Farrell

Steven agus Ann Berzin

Pátrúin de chuid Ealaín na hÉireann

Adrian agus Marion Masterson

Alan Bigley
Alan Davis
Ann Hunt
Anne O'Shea
Barry Donoghue agus Bernie Walsh
Bill agus Denis Whelan
Brian Kennelly SC
Carmel Naughton
Catherine Griffin
Christopher Clinton Conway
Conor agus Mareta Doyle
Declan Buckley
Declan agus Margaret McCourt
Denise Meade
An Dr Arlene Hogan
An Dr David Kronn agus Anthony Vacchione Jr
An Dr Jean Whyte
An Dr Peter Boylan
An Dr Tom Carey
Eamonn agus Kay Curley
Eamonn Duffy
Fiona Henry
Gayle Ralph
Gemma Kelly

Gerry Doherty Halle Bros. Geranium
Ian Whyte
Irene O’Gorman
James O’Halloran
Jennifer Caldwell
John Feeney
Judith Lawless agus Kevin Egan
Karen McGinley
Laurie M. & Brendan Keegan
Leonard M. Levie
Lochlann & Brenda Quinn
Marie Moloney
Martin Naughton
Mary agus Mairtin MacAodha
Mary Higgins
Maureen Beary Ryan
Maurice Collins agus Nora Rice
Michael agus Alison Walsh
Michael agus Gemma Maughan
Michael agus Maria Rosa Fry
Michael Campion
Michael D. Kunkel i gcuimhne ar Henry Cox
Norma Smurfit
Pat Flynn

Patricia Golden

Patricia Lawless

Peter Woods MBE

Randall agus Nuala Tierney

Róisín Drury

Sarah Conroy

Sinéad Kearney

Sonia Rogers

Stuart Cole

Susann Claffey

Susie Tinsley

Terence Launder

Terry Walsh agus Brid Kemple

Therese Coyle

Tony Kilduff

Vincent Hibbert

agus daoine eile nár mhian leo a n-ainmneacha a thabhairt

Foilseacháin agus Íomhánna

Foilseacháin an Ghailearaí

D'fhoilsigh an Gailearaí roinnt foilseachán i 2023, ina measc, *It Took a Century: Women Artists and the RHA; Duais hPortráide Zurich bliantúil/Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga; Lavery. On Location*, a scríobh agus a chuir an tOllamh Kenneth McConkey agus an Dr Brendan Rooney in eagar; agus *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker* leis an Dr Aoife Brady, arna dháileadh ag Yale University Press.

Roghnaíodh *Lavinia Fontana: Trailblazer, Rule Breaker* a fuair tacaíocht ó Bank of America, do roinnt duaiseanna ina measc, 'An Leabhar is Fearr i 2023' de chuid *The Financial Times* sa chatagóir Amharcealaíona, agus liostaigh an clasaicíoch clúiteach Mary Beard é in alt in *The Observer* mar cheann dá 'leabhair na bliana'.

Thacaigh Arthur Cox LLP le foilseachán *Lavery. On Location*. Fuarthas tacaíocht bhreise don fhoilseachán seo ó Brian agus Susan Dickie agus Brian Kennelly SC. I 2023, chomh maith, foilsíodh trí eagrán den irisleabhar *The Gallery, Súil siar ar an mBliain 2022* agus *Tuarascáil Bhliantúil 2022*.

Creative Commons

Soláthraíonn muid íomhánna saor in aisce, a ghlacann gairmithe grianghrafadóireachta, de shaothair ón mbailiúchán trínár gcóras Creative Commons. Tá breis agus 1,500 saothar curtha ar fáil anois. Tugann sé seo deis don Ghailearaí, rannpháirtíocht níos mó leis an mbailiúchán a spreagadh i measc lucht spéise agus chun cur ar chumas an lucht spéise a íomhánna an Ghailearaí a

úsáid ar bhealach inspioráideach agus cruthaitheach i dtionscadail éagsúla.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as gach idirbheart airgeadais sa Ghailearaí a phróiseáil agus a thaifeadadh i gceart, tuarascálacha airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair in am agus córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Tá sé freagrach freisin as córas buiséadaithe bliantúil an Ghailearaí a ullmhú agus a bhainistiú.

Próiseáladh 3,914 sonrasc agus rinneadh 3,641 íocaíocht i 2023.

- Rinneadh 64% de na híocaíochtaí iomlána laistigh de 15 lá
- Rinneadh 25% de na híocaíochtaí laistigh de thréimhse idir 16 agus 30 lá
- Rinneadh 10% de na híocaíochtaí i ndiaidh 30 lá, agus bhí 82 íocaíocht faoi réir LPI agus costais chúitimh.

Buaicphointí - Oibríochtaí

I 2023, chuir Rannóg na nOibríochtaí na tionscadail seo a leanas i gcrích:

- Rinneadh athraithe ar chóras soilsihte Sciathán Dargan ionas go mbeadh sé ní ba shábháilte.
- Rinneadh uasghrádú ar an gcóras soilsihte i Seomraí 6-10 a uasghrádú go córas LED nua roimh thaispeántas *Lavery. On Location*.
- Tógadh Saotharlann Taighde Eolaíoch nua sa Rannóg Caomhnaithe.
- Rinneadh athchóiriú ar ionad slándála Lána an Chláraigh.
- Rinneadh idirbheartaíocht maidir le huainchláir nua a shocrú. Ba é an tUasal Raymond McGee a bhí ina chathaoirleach ar an idirbheartaíocht.

- Rinneadh an Chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Ghailearaí a fhoilsiú agus rinneadh é a uaslódáil ar bhunachar sonraí an ÚFIÉ (SEAI).
- Rinneadh cleachtadh Pleanála Tubaiste insamhlaithe i mí na Nollag.

Oifig um Chomhlíonadh agus Dlí

Tá an Rannóg um Chomhlíonadh agus Dlí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le Dlí, Comhlíonadh agus bainistiú riosca. Chomh maith leis sin, feidhmíonn sé mar Oifig Cosanta Sonraí, Rúnaí an Bhoird agus comhlíonann sé dualgais rúnaíochta d'eintiteas corparáideach an Ghailearaí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Príomhbhuaicphointí

- Cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach leis an mBord a chinntiú.
- Stádas um Ghlas Triarach ó Institiúid Charthanachta na hÉireann a choimeád chomh maith leis an gcreidiúnú NSAI SWiFT 3000 bliantúil an Ghailearaí maidir le rialachas corparáideach
- Feabhas a chur ar inrochtaineacht gréasáin ar fud an Ghailearaí, lena n-áirítear scór inrochtaineachta láithreán gréasáin an Ghailearaí
- Freastal ar dhualgais nua faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (arna leasú) 2021
- Níos mó iarratais ar fhaisnéis a phróiseáil (Saoráil Faisnéise agus cosaint sonraí)
- Creat bainistíochta riosca an Ghailearaí a choimeád

- Creat rialachais Chorporáidigh an Ghailearaí agus taifid chomhlíontachta eile a choimeád
- Comhairle a chur ar fáil maidir le ceistanna a bhaineann le dlí, cosaint sonraí, comhlíontacht agus riosca.

Tuairisciú Reachtúil agus Oibleagáidí

Tuarascáil um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht 2023

Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide

Chuir an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP21) dualgas ar gach comhlacht san earnáil phoiblí Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú faoi dheireadh 2022.

Díríonn ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ar ár bplean chun ár gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa, a bhaineann le breoslaí iontais inár gcuid oibríochtaí, a laghdú ag teacht leis an sprioc CAP21.

Tá an Gailearaí tiomanta i leith Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide (PSCAM) a chur i bhfeidhm agus ceannaireacht a léiriú maidir le gníomhú ar son na haeráide. Faomhadh Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an Ghailearaí don bhliain 2023 ag teacht le PSCAM. Foilsíodh é ar ár suíomh Gréasáin, agus rinneadh é a uaslódáil chuig Bunachar Sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe ÚFIÉ (SEAI) i mí an Mheithimh 2024. Déantar an treochlár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú go bliantúil, agus cuirtear an dul chun cinn atá déanta faoi bhráid an Bhoird Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí. Déanann an t-athbhreithniú feidhmiúcháin bliantúil measúnú maidir le dul

chun cinn um ghníomhú ar son na haeráide, tuairiscítear an bharna atá idir an méid atá bainte amach agus an sprioc, agus san áireamh anseo, bíonn nuashonruithe ón bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, an PSCAM, agus Soiléiriú i gcomhair Treochláir.

Ár gCuid Daoine

Tá Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta, chomh maith le hOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh ceaptha ag an nGailearaí agus bunaíodh Foireann Ghlas an Ghailearaí chomh maith. I dteannta a chéile, tá siad dírithe ar fheabhsúcháin a dhéanamh i réimse na bainistíochta, teicneolaíochta agus iompraíochta, a chabhróidh leis an nGailearaí ár spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Tá siad freagrach as forbairt inbhuanaithe a stiúradh sa Ghailearaí trí fheasacht agus rannpháirtíocht a spreagadh, agus oiliúint chuí a chur ar fáil don fhoireann go léir chun a chinntiú go mbeidh inbhuanaitheacht san áireamh inár modhanna oibre i gcónaí.

Ár spriocanna

Tá sé mar aidhm ag an nGailearaí na spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, mar a leanas:

- Laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a bhaineann le fuinneamh, faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2016-2018)
- Coigiltí 50% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 (bonnlíne 2009)
- sprioc - a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí, a bhaineann le fuinneamh, faoin mbliain 2050, ar a dhéanaí

Ár mBealaí Oibre / Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Tá roinnt buaicphointí maidir le hiarrachtaí an Ghailearaí i dtaobh Ghníomhú ar son na hAeráide leagtha amach thíos:

- i. digitiú na bpróiseas ceadaithe sonrasc,
- ii. digitiú na bpáipéar go léir i gcomhair cruinnithe foirmiúla Boird agus Coiste, agus
- iii. páipéar athchúrsáilte a úsáid in ionad páipéar clóite tuartha.
- iv. Tá an Gailearaí tar éis a éifeachtúlacht fuinnimh a uasghrádú freisin trí shoilsiú LED a chur i ngach seomra agus na háiteanna ar chúl an Ghailearaí agus tá dhá aonad fuaraithe nua againn mar chuid d'fheabhsuithe HVAC i gcoitinne.

Déanaimid measúnú ar na feabhsuithe a rinneadh de bharr ár gcuid gníomhartha agus leanaimid ag tuairisciú ár n-astuithe Gáis Cheaptha Teasa agus ár n-ídiú fuinnimh de bharr go gcuirtear ár sonraí isteach i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), de réir mar is gá

Córais um Bainistiú Fuinnimh agus Comhshaoil agus Creidiúnú

Bronnadh rátáil F - Teastas Fuinnimh Taispeána (DEC) ar an nGailearaí don bhliain 2023 atá ar taispeáint in ionad fáiltithe Sciathán na Mílaoise. Shuiteáil an Gailearaí Córas Bainistíochta Foirgnimh (BMS) roinnt blianta ó shin, agus cuireadh ardán ríomhaire-bhunaithe ar fáil ag a bhfuil cumas teoranta ach mar sin féin, rialaíonn sé agus déanann sé monatóireacht éifeachtach ar threalamh riachtanach meicniúil agus leictreach, lena n-áirítear HVAC, soilsiú, córais chumhachta leictreacha, agus aeráil. Ina theannta sin, díríonn an Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS), le

hardán rialaithe ríomhaire-bhunaithe chomh maith, go príomha ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trealamh agus ar choinníollacha comhshaoil laistigh den tsaoráid.

Sainordaíonn ceanglais Deimhnithe Bainistíochta Comhshaoil agus Fuinnimh go mbainfeadh comhlachtaí poiblí ag a bhfuil caiteachas bliantúil ar fhuinneamh os cionn €2 mhilliún deimhniú ISO 50001 amach faoi dheireadh na bliana 2024. Tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí eile cláir bhainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm de réir threoir an ÚFIÉ (SEAI) (S.I. 426 de 2014). Toisc go sáraíonn caiteachas bliantúil an Ghailearaí ar fhuinneamh €35,000 ach go bhfuil an caiteachas faoi bhun €2 mhilliún, agus go bhfuil an méid fuinnimh a úsáidtear faoi bhun 50 GWh, tagann sé faoin dara catagóir agus comhlíonann sé Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (S.I. 426 de 2014).), Mír 2.1.2.

Soláthar Poiblí Glas

Cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann critéir ghlasa agus sóisialta san áireamh ag leibhéal na gcatagóirí nuair a bhítear ag pleanáil gníomhaíochtaí um sholáthar poiblí. Déantar anailís ar gach próiseas soláthair chun deiseanna a thapú chun critéir ghlasa agus/nó sóisialta a chur san áireamh. Ar bhonn cás ar chás, cuirtear na breithnithe seo i bhfeidhm ag leibhéal cuí sa tairiscint áirithe a bhíonn i gceist. Sa chás go mbíonn tionchar comhshaoil agus/nó sóisialta i gceist maidir le catagóir ar leith, cuirtear ualú cuí agus breithnithe teicniúla i bhfeidhm sna cleachtais tairisceana. Áirítear leis seo catagóirí ar nós seirbhísí bia, glantacháin, cumhacht agus teas, cothabháil agus trealamh TFC agus tomhaltáin, ach níl sé teoranta do na catagóirí sin.

Ár Méadrachtaí

Spriocanna Fuinnimh agus AGCT (GHG) – Príomhthásairí

| Astaíochtaí CO₂ ó Bhreoslaí Iontaise | Aonaid | |
|--|-------------------|---|
| 2023: | kgCO ₂ | 962,754 |
| Sprioc do 2030 : | kgCO ₂ | 437,292 |
| Stádas Foriomlán 1 | - | I 2023, bhí CO ₂ ó bhreoslaí iontaise 7.9% os cionn bhonnlíne de 892,432 kgCO ₂ . |
| Stádas Foriomlán 2 | - | Chun an sprioc seo a bhaint amach, caithfear CO ₂ ó bhreoslaí iontaise a laghdú 54.6% ó leibhéal 2023 laistigh de 7 mbliana. |

| Iomlán astaíochtaí CO₂ | Aonaid | |
|--|-------------------|---|
| 2023: | kgCO ₂ | 1,938,162 |
| Sprioc 2030: | kgCO ₂ | 758,978 |
| Stádas Foriomlán 1 | - | I 2023, bhí astaíochtaí CO ₂ 19.1% faoi bhun bhonnlíne de 2,394,281 kgCO ₂ . |
| Stádas Foriomlán 2 | - | Chun an sprioc seo a bhaint amach, caithfear astaíochtaí CO ₂ a laghdú 60.8% eile ó leibhéal 2023 laistigh de 7 mbliana. |

| Éifeachtúlacht Fuinnimh | Aonaid | |
|--------------------------------|---------------|---|
| 2023: | - | 67.4 |
| Sprioc 2030: | - | 50.0 |
| Stádas Foriomlán 1 | - | Faoi 2023, bhí feabhas 32.6% tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh ón mbonnlíne. |
| Stádas Foriomlán 2 | - | Chun an sprioc éifeachtúlachta a bhaint amach, ní mór feabhas 17.4 faoin gcéad a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh laistigh de 7 mbliana. |

Sonraí um Bainistiú Dramhaíola (Eanáir – Deireadh Fómhair 2023)

| | Meáchan (Kg) | Athchúrs-áilte (Kg) | Líonadh Talún (Kg) | Ráta Athchúrsála % (Kg) | Tonna CO ₂ e (%) |
|---------------------------------------|---------------|---------------------|--------------------|-------------------------|-----------------------------|
| Dramhaíl Théagartha Bardasach | 12,690 | 11,750 | 1,100 | 92 | 0.77 |
| Dramhaíl Mheasctha Bardasach | 17,377 | 16,050 | 1,320 | 92 | 0.92 |
| Ábhar in-athchúrsáilte tirim measctha | 1,802 | 1,802 | 0 | 100 | 100 |
| Páipéar Stialta (Rúnda) | 1,045 | 1,045 | 0 | 100 | 0.00 |
| Gloine | 218 | 218 | 0 | 100 | 0.00 |
| Iomlán (Kg) | 31,330 | 29,063 | 2,420 | 97 | 1.69 |

Astaíochtaí a bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil

| Rannóg | Ciliméadar | Tonna CO ₂ | Iolraitheoir | Luach Iomlán (€) |
|---|------------|-----------------------|--------------|------------------|
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (faoi choimirce na TCEGSM*) | 253,254 | 21.9202 | 48.5 | 1,063.13 |
| Foriomlán | 253,254 | 21.9202 | 48.5 | 1,063.13 |

**TCEGSM – An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán*

Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas agus Cearta an Duine – Plean Gníomhaíochta 2022-2023

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas agus Cearta an Duine comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, agus aon duine eile a mbíonn tionchar ag a gcuid beartas agus pleananna orthu. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas, 2014. I dtaca leis seo, leagadh amach na príomhthosaíochtaí seo don Ghailearaí i 2023:

- Oifigeach EDI a earcú
- Beartas um chomhionannas, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta (EDI) a thabhairt isteach

- Rochtain ar an Suíomh Gréasáin a fheabhsú
- Feabhas a chur ar éagsúlacht i ndáil le hearcaíocht
- Comhairliúchán le grúpaí lena mbaineann chun eolas a bhailiú i gcomhair ullmhúcháin an chéad Phlean Straitéiseach eile de chuid an Ghailearaí

Dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí atá luaite thuas:

- Tá post d'Oifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (EDI) don Ghailearaí san áireamh sa Phlean um Fhórsa Saothair. Má bhíonn buiséad againn dó, a luaithe agus a cheadaítear an post, cuirfear earcaíocht don ról seo chun cinn.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta i réimse na hinrochtaineachta gréasáin ar fud roinnt ardán poiblí agus meán sóisialta de chuid an Ghailearaí.
- Beidh CÉI (EDI) mar phríomhghné sa chéim phleanála agus chomhairliúcháin do chéad Phlean Straitéiseach eile an Ghailearaí (2024–2029).

Beidh Plean Gníomhaíochta reatha an Ghailearaí i bhfeidhm go dtí deireadh ár dtimthriall pleanála straitéisí reatha (2023). Leanfaidh sé ag forbairt i gcomhréir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Ghailearaí, mar is dualgas leanúnach é seo nach mór monatóireacht, athbhreithniú agus forbairt leanúnach a dhéanamh air.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Arna leasú) 2021

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Arna Leasú) 2021 (an **tAcht**) i bhfeidhm i mí na Nollag 2021. De bhun Alt 4(B) den Acht, cheap an Gailearaí ball foirne sinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú i ndáil le dualgais an Ghailearaí faoin Acht.

I 2023, chun tacú lenár n-oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh, rinneadh na bearta seo a leanas:

- De bhun Alt 10(A) den Acht, chuir an Gailearaí isteach tuarascáil chuig an gCoimisinéir teanga roimh an spriocdháta i dtaca le fógraíocht dhátheangach maidir le comhlíonadh ár ndualgas i leith fógraíocht dhátheangach,. Déanann an Gailearaí athbhreithniú agus rianú i rith na bliana maidir lena chomhlíontacht de réir Alt 10 (A).
- Cuireann an Rannóg um Chomhlíonadh agus Dlí sonraí mair le uasdátú ón Roinn agus ón gCoimisinéir Teanga in iúl don fhoireann ar fad agus pléann siad ábhair a bhaineann le comhlíonadh na n-alt éagsúil den Acht.
- De réir a chéile, tá feabhas á chur ag Rannóg Chumarsáide, Margaíochta agus Rannpháirtíochta Digiteach an Ghailearaí ar úsáid ábhar i nGaeilge ar bhealaí na meán sóisialta agus fógraíochta an Ghailearaí. I 2023, cuireadh tús le foilsiú nuachtlitir an Ghailearaí i nGaeilge.
- Reáchtáil Rannóg Oideachais an Ghailearaí trí ócáid Ciorcal Comhrá Gaeilge saor in aisce.
- Chuir an Gailearaí sé sheisiún oiliúna Gaeilge ar fáil don fhoireann i 2023.
- Chuir Rannóg Acmhainní Daonna an Ghailearaí tús le fógraíocht poist i nGaeilge.
- Bhí an Gailearaí i mbun comhfhreagrais leis an gComhchoiste Gaeilge agus Gaeltachta agus Pobal na Gaeilge i 2023..
- Tá an Gailearaí ag fanacht le foilsiú (agus comhairliúcháin a bhaineann leo) na gCaighdeán nua Gaeilge de réir fhorálacha an Achta.

TF

Cinntíonn Rannóg TF an Ghailearaí go n-oibríonn infreastruchtúr gach córas agus crua-earraí TF ar bhealach sábháilte. I 2023, thacaigh an Rannóg TF le Creat Beartais Oibre Cumaisc na Státseirbhíse a tugadh isteach go luath i 2022 a thugann deis d'fhoireann an Ghailearaí cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach. Bhí an Rannóg i dteagmháil ar bhonn leanúnach le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) maidir le réitigh a d'fhéadfadh an OGCIÓ a chur i bhfeidhm i dtaobh na seirbhísí agus infreastruchtúr is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais an Ghailearaí agus é ag fás.

Tugann Rannóg TF an Ghailearaí treoir don Ghailearaí maidir le roinnt tionscadal chun infreastruchtúr agus córais TF an Ghailearaí a neartú tuilleadh i gcomhréir le tionscadail leathnaithe ar fud an Ghailearaí, rud a chuideoidh go mór leis an nGhailearaí agus riachtanais na gcuairteoirí.

Acmhainní Daonna

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) tiomanta maidir lena chinntiú go gcuirtear na hacmhainní, an tacaíocht, agus na deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil dár bhfoireann chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, trí fhorbairt agus bainistiú a dhéanamh ar chláir, ar bheartais agus ar nósanna imeachta forásacha atá ag teacht le cuspóirí agus luachanna straitéiseacha foriomlán an Ghailearaí.

Cinntíonn an Rannóg Acmhainní Daonna go mbíonn an timpeallacht oibre cothrom, éagsúil agus ionchuimsitheach, ina spreagtar cultúr ina mbíonn fiúntas ag baint le guth gach duine agus ina mbíonn deis ag ár n-oibrithe a bheith páirteach i

dtodhchaí an Ghailearaí.

Díríonn próiseas earcaíochta ar phrionsabal an duine ceart, leis na scileanna cearta, ag an am ceart. I 2023, reáchtáladh 35 feachtas earcaíochta as ar tháinig 41 ceapachán le

- 20 i Seirbhísí Corparáideacha,
- 16 i bhForbairt Spéise agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
- 5 i mBailiúcháin agus Taighde

As na ceapacháin seo, bhí 23 ceapachán buan, 2 ar théarma seasta, agus ba chonarthaí sealadacha a bhí i 16 díobh.

Seoladh an tionscnamh *Safe to Create*, i.e. oiliúint ann don fhoireann ar fad i mí Dheireadh Fómhair 2023. I mí na Samhna 2023, cuireadh Oiliúint um Chosaint Leanaí TUSLA ar fáil don fhoireann ar fad.

I 2023 chomh maith, seoladh an chéad suirbhé i ndáil le bearna phá idir na hinscní, sa Ghailearaí.

I measc na dtionscnamh breise foghlama agus forbartha i rith na bliana, bhí, Ullmhú d'Agallamh, Idirbheartaíocht le Muinín agus Dul i nGleic le Coimhlintí, agus Imscrúduithe a Bhainistiú.

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR
CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2023**

Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Comhlacht reachtúil corparáideach is ea Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí) a bunaíodh faoi Acht Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1854 (Acht 1854). Feidhmíonn an Gailearaí de réir fhorálacha Achtanna Gailearaí Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963 agus Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (ar a dtugtar, na hAchtanna) agus faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (an Roinn).

Is é Bord neamhfheidhmiúcháin Gobharnóirí & Caomhnóirí (an Bord) a bhainistíonn gnó agus gnóthaí an Ghailearaí. Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna agus ina Fhodhlíthe. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé é seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó.

Is é an Stiúrthóir atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh an Ghailearaí ó lá go lá, le cúnadh ón bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT). Caithfidh an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, chomh maith le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an bhainistíocht.

Ó 2017, tá creidiúnú ag an nGailearaí faoi chaighdeán SWiFT 3000 de chuid Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Baineann Caighdeán SWiFT 3000 le Rialachas Corparáideach in Éirinn agus déantar measúnú ina leith faoin gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (leasaithe) (an Cód). Is é an cuspóir atá leis ná an creat rialachais chorparáidigh in eagraíochtaí a mheas, go sonrach,

leibhéal comhlíonta na n-eagraíochtaí i leith cóid rialachais agus deachleachtais. Léiríonn an creidiúnú tiomantas an Ghailearaí i leith oibriú de réir na gcaighdeán rialachais chorparáidigh is fearr. I 2023, rinneadh athbhreithniú bliantúil mar chuid de phróiseas athbhreithnithe SWiFT ar an nGailearaí agus ar an 28 Samhain 2023, bronnadh creidiúnú SWiFT 3000 ar an nGailearaí le scór iomlán níos fearr de 3.98/4.

I 2022, ba é an Gailearaí an chéad Fhoras Cultúir Náisiúnta a fuair an Creidiúnú um Ghlas Triarach ó Institiúid Charthanachta na hÉireann (CII). Léiríonn an caighdeán seo, a bhain an Gailearaí amach, do dheontóirí agus do pháirtithe leasmhara an Ghailearaí agus don phobal i gcoitinne tiomantas an Ghailearaí maidir le caighdeán sármhaitheasa a chinntiú. Fuair an Gailearaí creidiúnú um Chaighdeán an Ghlas Triarach arís ar an 13 Meitheamh 2023.

Tá struchtúir rialachais an ghailearaí mar aon leis na príomhnuashonraithe maidir le 2023 le fáil sna míreanna seo a leanas.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá príomhobair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna Fodhlíthe. Ghlac an Bord le sceideal foirmiúil d'ábhair, a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird. San áireamh chomh maith i Sceideal na nÁbhar Forchoimeádta, tá Uilíocht Faofa a thugann achoimre ar na conarthaí agus na próisis fhaofa go léir faoi chúram an Bhoird agus/nó na gCoistí.

I measc na bpríomhábhar a fhorchoimeádtar don Bhord, tá siad seo a leanas:

- na saothar faighte, na dtabhartas, na n-iasachtaí agus na dtaispeántas saothar ealaíne
- measúnú agus faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais

- comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus neamhreachtúil, ina measc, na Fodhlíthe, an Cód, an Cód Rialachais do Charthanais agus Ciorcláin Rialtais
- faomhadh na bpleananna straitéiseacha, an phlean oibríochta bliantúil agus an bhuiséid bhliantúil
- faomhadh cheapachán, luach saothair, mheasúnú feidhmíochta agus pleanáil do chomharbas an faomhadh Stiúrthóra
- ceapachán Chathaoirleach an Bhoird
- faomhadh Théarmaí Tagartha na gCoistí Boird go léir
- leasú nó uasdátú na bhfodhlíthe
- faomhadh téarmaí conarthaí móra, tionscadail infheistíochta agus chaipitil, saothar faighte suntasach, diúscairtí, ceadúnas easpórtála (de bhun údarás tarmligthe ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (an tAire) faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) agus sócmhainní a scor
- córas fóna de rialuithe inmheánacha, ina measc rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus próisis um bainistíocht riosca a choimeád
- faomhadh pholasaí um bainistiú riosca, monatóireacht ar phróisis agus ar chórais um bainistiú riosca an Ghailearaí chun rioscaí seachtracha a aithint, agus monatóireacht agus rialú éifeachtach a chinntiú i leith a leithéid de rioscaí chomh maith le deiseanna a aithint chun tacú le cuspóirí reachtúla an Ghailearaí (tarmligthe chuig an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais, a thuariscíonn chuig an mBord go rialta)
- faomhadh na straitéise tiomsaithe airgid agus polasaí cistíochta
- údarú chun cuntais bhainc a oscailt agus áiseanna iasachta a fhaomhadh
- athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht féin, ar fheidhmíocht na gcoistí éagsúla agus ar fheidhmíocht chomhaltaí aonair an Bhoird.

Tá na nithe seo a leanas i measc na mbuanábhar a mheasann an Bord:

- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ó choistí an Bhoird agus ón Stiúrthóir
- Airgeadas agus riosca, ina measc, tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Rialachas corparáideach
- Iasachtaí & saothair ealaíne faighte
- Ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear ar an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, cuntais a ullmhú do gach bliain airgeadais i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire, le toiliú an Aire Cateachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Nuair a bhítear ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, tá sé de dhualgas ar an mBord:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas sa chás go mbeadh sé míchuí glacadh leis go leanfadh sé i mbun gnó
- A lua cibé ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon athrú ábhartha mar a léirítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon am, staid airgeadais an Ghailearaí agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Is é an Bord atá freagrach as coimeád agus as sláine na faisnéise airgeadais agus corparáidí ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht an Ghailearaí, de réir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil, ag cruinnithe rialta an Bhoird i rith 2023.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá réir sin, tá sé freagrach as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Ghailearaí léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Ghailearaí amhail ar an 31 Nollaig 2023.

Éifeachtúlacht an Bhoird

Ag teacht le forálacha an Chóid, déanann an Bord agus gach Coiste féinmheasúnú bliantúil gach bliain. Cuireann gach Coiste agus an Bord torthaí na féinmheasúnaithe ar an gclár lena bplé dá réir sin.

Gach trí bliana, déanann an Gailearaí meastóireacht sheachtrach mar aon lena phróiseas athdheimhnithe SWiFT 3000 tríbhliantúil. Déanfar an chéad mheastóireacht sheachtrach eile i rith 2024.

Struchtúr an Bhoird

Tá suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord, ceapann an tAire deichniúr díobh seo, is sealbhóirí ex-officio de na hoifigí liostaithe thíos cúigear díobh agus de bhun na cumhachta a bhronntar air le hAcht 1854, ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt chomhalta. Cuireann comhaltaí a cheapann an tAire téarma cúig bliana isteach. Cuireann comhaltaí ex-officio téarmaí éagsúla isteach ag brath ar bhunreacht na n-eagraíochtaí lena mbaineann siad.

Comhaltaí Ex-Officio:

- An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán
- Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán

- Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leaschathaoirleach féin de bhun na cumhachta a bronnadh air faoi na hAchtanna.

Comhaltaí reatha

Tá sonraí maidir le tréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí Reatha sa tábla thíos:

Ainmnithe ag an Aire (Tréimhse 5-bliana)

| Ainm | Dáta ceapacháin | Dáta deireadh tréimhse |
|----------------------------|----------------------|------------------------|
| John O'Doherty | 19 Meán Fómhair 2019 | 18 Meán Fómhair 2024 |
| Mary Keane (Cathaoirleach) | 2 Iúil 2014 | 30 Meitheamh 2024 |
| Dan Flinter | 19 Meán Fómhair 2019 | 18 Meán Fómhair 2024 |
| Adrian O'Carroll | 18 Eanáir 2023 | 17 Eanáir 2028 |
| Margie McCarthy | 18 Eanáir 2023 | 17 Eanáir 2028 |
| Sandra Collins | 18 Eanáir 2023 | 17 Eanáir 2028 |
| Michelle D. Cullen | 18 Eanáir 2023 | 17 Eanáir 2028 |

Ainmnithe ag RHA (Tréimhse 3 bliana)

| Ainm | Dáta ceapacháin | Dáta athcheapacháin | Deireadh Tréimhse |
|-----------------------|------------------|---------------------|-------------------|
| Diana Copperwhite RHA | 6 Bealtaine 2020 | 13 Meitheamh 2023 | 12 Meitheamh 2026 |
| Gary Coyle RHA | 1 Eanáir 2022 | N/A | 31 Nollaig 2024 |

Comhaltaí Ex-Officio

| Ainm | Dáta ceapacháin | Deireadh Tréimhse |
|-------------------------------------|-----------------|-------------------|
| Maurice Buckley (Cathaoirleach OPW) | 12 Nollaig 2016 | Ag leanacht |

| Ainm | Dáta ceapacháin | Deireadh Tréimhse |
|-----------------------------------|-------------------------|--------------------------|
| Abigail O'Brien (Uachtarán RHA) | 9 Deireadh Fómhair 2018 | Ag leanacht |
| Patrick Guiry (Uachtarán RIA) | 16 Márta 2023 | 15 Márta 2026 |
| John Dardis (Uachtarán RDS) | 5 Nollaig 2019 | 5 Nollaig 2025 |
| Hilary Hough (Leas-Uachtarán RDS) | 8 Nollaig 2022 | 7 Nollaig 2028 |

Athruithe ar an mBord

Cheap an tAire Sandra Collins, Michelle D. Cullen, Margie McCarthy agus Adrian O'Carroll mar chomhaltaí Boird ar an 18 Eanáir 2023.

Tháinig deireadh le téarma Barney Whelan, Jacqueline Hall agus Gary Jermyn's ar an 16 Samhain 2023. Bhí trí fholúntas ainmnithe de chuid an Aire ar an mBord ar an 31 Nollaig 2023.

Athcheapadh Diana Copperwhite mar chomhalta ainmnithe de chuid RHA ar an 13 Meitheamh 2023.

Ceapadh Patrick Guiry mar chomhalta ex-officio den Bhord ar an 16 Márta 2023, in ionad an Ollaimh Mary Canning.

Coistí an Bhoird

Bhí cúig choiste Boird i mbun oibre i 2023, mar a leanas:

An Coiste um Sathar Faighte agus Taispeántas

Is é ról an Choiste moltaí a dhéanamh maidir le saothair atá beartaithe a fháil, tabhartais, bronntanais agus ceannach saothair ealaíne chomh maith le moltaí maidir le taispeántais a chur faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste faoi láthair agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir, an Príomh-Choimeádaí agus Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde ar na cruinnithe go léir. Bhí naoi gcrúinniú ag an gCoiste i 2022.

Comhaltaí an Choiste 2023¹: Mary Canning (Comhalta den Choiste go dtí 15 Márta 2023), Gary Jermyn (Cathaoirleach an Choiste go dtí 16 Samhain 2023), Mary Keane, Abigail O'Brien, Adrian O'Carroll (ceapadh é ar an 16 Feabhra 2023, ceapadh é mar Chathaoirleach an Choiste ar an 17 Samhain 2023) Michelle D. Cullen (ceapadh í ar an 16 Feabhra 2023) agus Dan Flinter ceapadh é ar an 17 Samhain 2023)

An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais

Is é ról an Choiste ná tacú leis an mBord le cinntiú go gcomhlíonfaidh sé a chuid feidhmeanna ábhartha reachtúla agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir le stóinseacht agus éifeachtúlacht an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta airgeadais, na bainistíochta riosca agus na hiniúchóireachta inmheánaí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn bliantúil freisin. Bíonn ochtar comhaltaí ar an gCoiste de ghnáth, Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh agus comhaltaí seachtrach amháin. Freastalaíonn an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus an Ceannasaí Airgeadais agus na gCóras ar na cruinnithe go léir. D'fhreastail Iniúcháirí Inmheánacha an Ghailearaí chomh maith le hIniúcháirí Seachtracha ar chruinnithe ábhartha le linn na bliana. Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste i 2023.

Comhaltaí an Choiste 2023²: Hilary Hough (Ceapadh í mar Chathaoirleach an Choiste ar an 16 Feabhra 2023), Maurice Buckley, Dan Flinter, Jean Philippe Grigy (comhalta seachtrach), Mary Keane, Barney Whelan (Comhalta de Choiste go dtí 16 Samhain 2023), Adrian O'Carroll (ceapadh é ar an 16 Feabhra 2023) agus Sandra Collins (ceapadh í ar an 16 Feabhra 2023).

¹ Ag freastal i rith 2023

² Mar an nóta thuas

An Coiste Forbartha

Is é ról an Choiste ná gach gné d'fhorbairt an Ghailearaí sa todhchaí a chur chun cinn agus a éascú. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste faoi láthair, agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí na Rannóige um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus an Ceannasaí Forbartha ar na cruinnithe go léir. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2023.

Comhaltaí an Choiste 2023³: John O'Doherty (Cathaoirleach an Choiste go dtí 16 Samhain 2023) John Dardis, Mary Keane, Gary Coyle, Jacqueline Hall (Comhalta den Choiste go dtí 16 Samhain 2023), Michelle D. Cullen (ceapadh í ar an 16 Feabhra 2023, ceapadh í mar Chathaoirleach an Choiste ar an 16 Samhain 2023) agus Margie McCarthy (ceapadh í ar an 16 Feabhra 2023)

Coiste um Lucht Spéise

Is é ról an Choiste maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na bpríomhchuspóirí straitéiseacha i réimse rannpháirtíochta agus forbartha lucht spéise sa Ghailearaí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste reatha, tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh chomh maith le comhalta seachtrach amháin. Freastalaíonn an Stiúrthóir, Ceannasaí um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde ar na cruinnithe go léir. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2023.

Comhaltaí an Choiste 2023⁴: Mary Canning (Comhalta den Choiste go dtí 16 Márta 2023), Patrick Guiry (ceapadh é ar an 18 Bealtaine 2023) Barney Whelan (Cathaoirleach an Choiste go dtí 16 Samhain 2023),

³ Mar an nóta thuas

⁴ Mar an nóta thuas

Diana Copperwhite, James Hanley (Comhalta den Choiste go dtí 6 Iúil 2023) (comhalta seachtrach), Martina Byrne (comhalta seachtrach), agus Mary Keane, Margie McCarthy (ceapadh í ar an 16 Feabhra 2023, ceapadh í mar Chathaoirleach ar an 16 Samhain 2023)

An Coiste Rialachais agus Straitéise

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord maidir le hábhair a bhaineann le rialachas agus le heagrúchán, monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt i dtaobh plean straitéiseach an Ghailearaí agus i dtaobh chúrsaí seachtracha reachtacha agus straitéiseacha.

Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste seo agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh chomh maith le comhalta seachtrach amháin.

Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha ar gach cruinniú. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2023.

Comhaltaí den Choiste 2023⁵: Mary Keane, Jacqueline Hall (Cathaoirleach an Choiste go dtí 16 Samhain 2023) John Dardis, Mary Canning (comhalta seachtrach a ceapadh ar an 30 Márta 2023), John O'Doherty (ceapadh é mar Chathaoirleach an Choiste ar an 16 Samhain 2023), Sandra Collins (ceapadh í ar an 16 Feabhra 2023).

Cruinnithe Boird agus Costais

Bíonn cruinniú ag an mBord sé huair sa bhliain ar a laghad agus, i 2023, bhí seacht gcruinniú ag an mBord. Tionóladh ceithre chruinniú Boird breise ar ghearrfhógra i rith na bliana chun nithe ar nós saothair a bhí beartaithe a fháil a phlé.

Bíonn seisiún nach mbíonn Feidhmeannaigh i láthair aige mar ghnáthmhír ar chlár gach cruinniú Boird.

⁵ Mar an nóta thuas

| Comhalta Boird | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu/Líon cruinnithe ar a bhféadfaí freastal | Costais Íoctha € |
|-----------------------------------|--|-------------------------|
| Mary Keane (Cathaoirleach) | 11/11 | 4,596 |
| Maurice Buckley | 5/11 | - |
| Mary Canning | 1/2 | - |
| Diana Copperwhite | 7/11 | - |
| Gary Coyle | 10/11 | - |
| John Dardis | 10/11 | - |
| Dan Flinter | 11/11 | - |
| Jacqueline Hall | 8/8 | - |
| Hilary Hough | 8/11 | |
| Gary Jermyn | 8/8 | - |
| Abigail O'Brien | 10/11 | - |
| John O'Doherty | 10/11 | - |
| Barney Whelan | 8/8 | 6,332 |
| Margie McCarthy | 9/11 | - |
| Michelle D. Cullen | 10/11 | - |
| Adrian O'Carroll | 11/11 | - |
| Sandra Collins | 7/11 | - |
| Patrick Guiry | 7/9 | - |
| Iomlán | | 10,928 |

Taillí

Ní íoctar aon táille Boird le comhaltaí an Bhoird.

Tuarastal an Stiúrthóra

Féach Nóta 9 (d) leis na Ráitis Airgeadais

Sceideal Tinrimh ag Cruinnithe Coistí i 2023

Bhí cúig chruinniú de na Coistí: Forbairt, Lucht Spéise agus Rialachas agus Straitéise sceidealaithe do 2023.

Bhí sé chruinniú de na Coistí Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus Saothar Faighte agus Taispeántas sceidealaithe do 2023. Tionóladh trí chruinniú breise de na Coistí seo ar ghearrfhógra.

| | Saothar Faighte & Taispeántais | Iniúchóireacht, Riosca & Airgeadas | Forbairt | Lucht Spéise | Rialachas & Straitéis |
|-------------------------------------|---|---|-----------------|-------------------------|--|
| Líon cruinnithe | 9 | 9 | 5 | 5 | 5 |
| Mary Keane (Cathaoirleach) | 6/9 | 5/9 | 4/5 | 2/5 | 2/5 |
| Maurice Buckley | | 5/9 | | | |
| Jean-Philippe Grigy (seachtrach) | | 6/9 | | | |
| Jacqueline Hall | | | 2/4 | | 4/4 |
| James Hanley | | | | 2/3 | |
| Gary Jermyn | 7/7 | | | | |
| Abigail O'Brien | 8/9 | | | | |
| Barney Whelan | | 6/7 | | 4/4 | |
| Martina Byrne (seachtrach) | | | | 5/5 | |
| Mary Canning | 0/2 | | | 0/1 | 4/4 |
| Dan Flinter | 2/2 | 9/9 | | | 4/4 |
| John Dardis | | | 3/5 | | 5/5 |
| John O'Doherty | | | 4/4 | | 1/1 |
| Diana Copperwhite | | | | 3/5 | |
| Gary Coyle | | | 4/5 | | |
| Hilary Hough | | 8/8 | | | |
| Patrick Guiry | | | | 2/3 | |
| Margie McCarthy | | | 5/5 | 5/5 | |
| Adrian O'Carroll | 8/8 | 8/8 | | | |
| Sandra Collins | | 4/8 | | | 4/5 |
| Michelle D. Cullen | 7/8 | | 5/5 | | |

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Ar 31 Nollaig 2023, bhí 6 (43%) de chomhaltaí ban agus 8 (57%) de chomhaltaí fear ar an mBord, agus bhí trí fholúntas air. Mar sin bhain an Bord amach sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht de 40% ar a laghad de gach inscne a bheith san áireamh ar Bhoird Stáit i 2023.

Cinntíonn an Gailearaí go leagtar béim ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú i leabhráin earcaíochta na Seirbhíse um

Cheapacháin Phoiblí de chuid an Ghailearaí agus iad ag líonadh folúntais ar an mBord.

Nochtaí atá Riachtanach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Gailearaí riachtanais an Chóid. Éilítear na nochtaí seo a leanas faoin gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach Nóta 9 (d) leis na Ráitis Airgeadais.

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta sna costais chomhairleoireachta agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách” san áireamh.

| | 2023 | 2022 |
|------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Táillí Dí | 164,796 | 122,117 |
| Eacnamaíoch/MPF | 89,447 | 43,103 |
| Airgeadas | 25,060 | 21,162 |
| Acmhainní Daonna | 9,958 | 9,891 |
| Oibriúcháin | 35,391 | 8,664 |
| Iomlán | 324,652 | 204,937 |

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

| | 2023 | 2022 |
|-----------------------------------|----------------|---------------|
| Intíre | € | € |
| - Bord | 12,264 | 7,807 |
| - Fostaithe | 13,022 | 1,687 |
| - Neamhfoirne ¹ | 14,095 | 3,644 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | 652 | 0 |
| - Fostaithe | 42,787 | 28,151 |
| - Neamhfoirne ¹ | 19,243 | 6,525 |
| - Cairde GNÉ | | - |
| Iomlán | 102,063 | 47,814 |

¹ Baineann caiteachas Taistil & Cothabhála neamhfoirne le costais aoichainteoirí, taisteal intéirneach agus costais sainchomhairleoirí .

| | 2023 | 2022 |
|--|----------------|---------------|
| | € | € |
| Táillí Taistil agus Cothabhála sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 89,147 | 40,007 |
| Táillí Taistil agus Cothabhála don Bhord san áireamh i Nóta 9 (Costais eile) | 12,916 | 7,807 |
| Táillí Taistil agus Cothabhála Siopa san áireamh i Nóta 7 (Costais Oibriúcháin) | - | - |
| Iomlán | 102,063 | 47,814 |

Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

| | 2023 | 2022 |
|--------------------|---------------|---------------|
| | € | € |
| Fáilteachas Foirne | 13,559 | 9,642 |
| Fáilteachas Cliant | 13,055 | 8,686 |
| Iomlán | 26,614 | 18,328 |

Nochtaí Cosanta

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), ceanglaítear ar an eagraíocht tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Ghailearaí go bliantúil chomh maith. Is féidir leis an nGailearaí a dheimhniú nach ndearnadh aon nochtadh le linn na tréimhse 1 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2023 agus tá an tuairisciú riachtanach curtha i gcrích.

Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (arna leasú) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

I 2023, chuir an Gailearaí seicliosta rialachais an Chóid Chleachtais i gcrích i gcomhar leis an Roinn, ag deimhniú comhlíonadh foriomlán an Ghailearaí i dtaca leis an gCód amhail Iúil 2023. Rinne Bord an Ghailearaí athbhreithniú air seo agus cheadaigh siad é ar an 14 Nollaig 2023 agus rinne an Roinn an rud céanna ar an 12 Eanáir 2024.

Maidir le halt. 1.4 (ii) den Treoir maidir le Tuairisciú Gnó agus Airgeadais (lena n-áirítear Cáipéis Threorach um Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais agus Ciorclán 24/2021) maidir le ráitis airgeadais a chur isteach le haghaidh iniúchta tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dheireadh na bliana - tá sé curtha in iúl ag an nGailearaí don Roinn nach mbeidh ar chumas an Ghailearaí cloí leis an spriocdháta dhá mhí de bharr an ama agus na hacmhainní a theastaíonn chun luacháil na sócmhainní bronnta agus tuairisciú SORP a chur i gcrích. Beidh ar chumas an Ghailearaí ráitis airgeadais a chur isteach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Adrian O'Carroll
Cathaoirleach
Dáta: 14/10/2024



Hilary Hough
Comhalta Boird
Date: 14/10/2024

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, admhaím ár bhfreagracht maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú. Tá ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú go hiomlán. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach, nach deimhniú foriomlán é, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead i gceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go pras. Próiseas leanúnach is ea an córas um rialuithe inmheánach agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus a éifeachtúlacht. Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir treoirínite arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Seachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Ghailearaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas maidir le dul i ngleic le rioscaí

Tá Coiste Iniúcháireachta, Riosca & Airgeadais (ARF) ag an mBord, ar a bhfuil seachtar comhaltaí, le saineolas maidir le hairgeadas agus

iniúchóireacht agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh sin. Tháinig an coiste le chéile seacht n-uaire i 2022. Cuireann an ARF tuarascáil bhliantúil faoina chuid gníomhaíochtaí ar fáil, a chuirtear faoi bhráid Chomhaltaí an Bhoird.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha amach ar chonradh ag an nGailearaí. Ba iad Mazars a ceapadh iniúcháir inmheánach an Ghailearaí don tréimhse 2023-2025. Tá dóthain acmhainní ar fáil don fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus reáchtáiltear clár oibre a aontaíodh leis an gCoiste ARF. Ullmhaítear an clár oibre bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí a rinneadh roimhe seo; rioscaí an tionscail; clár na rioscaí; agus déantar é a plé agus a chomhaontú leis an gCoiste ARF ansin.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag Coiste ARF, ina leagtar amach inghlacthacht riosca an Ghailearaí, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tugadh cóip den pholasaí do gach ball foirne, agus táthar ag súil go n-oibreoidh siad de réir na dtéarmaí atá leagtha síos ann agus go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí a thagann chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus as rialuithe ina réimsí féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá creat um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag an nGailearaí a shonraíonn riosca inghlactha agus a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a ghlactar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, an méid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí a bhféadfadh sé go gcaithfeadh an Gailearaí dul i ngleic leo agus rinneadh na rioscaí siúd a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Tá cineálacha éagsúla riosca san áireamh ar an gclár rioscaí, ina measc, rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin, airgeadais agus rioscaí maidir le clú

agus cáil na heagraíochta. Tá na rialuithe reatha agus na bearta breise atá de dhíth chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí seo ar an eagraíocht a laghdú, dá dtarlódh a leithéid san áireamh i ngach clár riosca. Déanann an Fhoireann Cheannaireachta Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an gclár agus déantar an clár seo a uasdátú ar bhonn leanúnach. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a chur ar fáil le cinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa dá chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sonraítear na baill foirne a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le feidhmiú na rialuithe ar leith.

I 2023, chuir Deloitte (iniúcháirí inmheánacha a bhí ag an nGailearaí roimhe seo) agus Mazars tuarascálacha iniúchta inmheánacha cuimsitheacha ar fáil maidir le réimsí a mbaineann riosca breise leo ach de chuspóir foriomlán acu rialuithe a mheas i ngach ceann de phríomhréimsí gníomhaíochta an Ghailearaí thar thréimhse trí bliana. Déantar an plean iniúchta inmheánaigh i dtimthriall trí bliana agus rinne ARF nan Phlean Iniúcháireachta do na blianta 2023-2025 a fhaomhadh i mí na Bealtaine 2023

I 2023:

- Chríochnaigh agus chuir Deloitte na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh seo a leanas i láthair; Rialuithe Inmheánacha Airgeadais agus Measúnú Slándála TF.
- Áiríodh i dtimthriall Iniúchta Inmheánaigh 2023 athbhreithnithe a rinne Mazars ar Bhainistíocht Leanúnachais Gnó agus Athshlánú ó thubaiste TF, an Siopa, Acmhainní Daonna, Rialuithe Bainistíochta Rochtana TF agus Rialuithe Airgeadais Inmheánacha. Cuireadh na athbhreithnithe ar fad faoi bhráid an choiste ARF.

Ullmhaíodh tuarascálacha don tréimhse i gcomhréir le cur chuige iniúchta inmheánaigh Deloitte agus Mazars araon, atá ag teacht leis na caighdeáin atá leagtha síos ag Institiúid Chairte na nIniúcháirí

Inmheánacha. Baineadh úsáid as torthaí a fuarthas le linn iniúchta inmheánaigh agus sheachtrach chun bonn eolais a sholáthar don chlár riosca nuashonraithe agus do Phlean Oibre Iniúchta Inmheánaigh 2023-2025.

Tá creat de chleachtais riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear, deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go sonrach:

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ceadaithe, agus déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air seo rialta
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- Cuirtear an clár rioscaí ar fáil don ARF ar bhonn tréimhsiúil agus déanann an ARF athbhreithniú iomlán air gach bliain
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras um Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), a chinntiú
- Tá treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- Cinntíonn an Gailearaí go gcuirtear an bhéim chuí ar dheachleachtas ceannacháin agus go bhfuil cleachtais i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don lucht bainistíochta, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin chomh maith le haon easnaimh a aimsítear a thuairisciú;

- Tá socruithe maidir le tuairisciú curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid leis na buiséid/réamhaisnéisí

Sócmhainní Seasta Maoinithe ag an Státchiste nach bhfuitear a úsáid go fóill

I mí na Samhna 2017, cheannaigh an Gailearaí córas x-ghathach ar luach €124,805 mar chuid den Tionscadal um Íomháú Imscrúdaithe Digiteach, arna mhaoiniú ag an Roinn faoi Scéim Digitithe de chuid Creative Ireland. Bhí an córas seo riachtanach go mbeifí ábalta le scrúdú neamhscriosach a dhéanamh ar an mbailiúchán.

Ó 2018 i leith, tá an Gailearaí ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) chun spás oiriúnach a aimsiú don seomra x-ghathaithe. Mar sin féin, bhí fadhbanna maidir le hacmhainn ualachiompartha an tseomra mar gheall ar an líneáil luaidhe a theastaíonn don chóras. Eisíodh tairiscint i mí na Samhna 2019, ach bhí an t-aon tairiscint a fuarthas neamhchomhlíontach.

Breathnaíodh ar roghanna eile, ina measc, láithreacha lasmuigh den láthair nó smaoiníodh ar fhanacht go gcuirfí tús leis an gcéad chéim eile den Mháistirphlean Forbartha. Tá an Gailearaí anois i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ag fiosrú an bhféadfaí an meaisín x-ghathaithe a úsáid mar aonad soghluaiste ar an láthair, agus táthar ag súil go mbeidh an córas in úsáid i 2025.

Soláthar

Deimhním go bhfuil cleachtais i bhfeidhm ag an nGailearaí chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínite reatha maidir le soláthar

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht Rialaithe

Deimhním go bhfuil cleachtais i bhfeidhm ag an nGailearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a gcleachtas rialaithe agus bainistíochta riosca. Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Ghailearaí maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair Choiste ARF a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus obair lucht ardbhainistíochta an Ghailearaí, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothú.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánach don bhliain 2023.

De thoradh ar na próisis atá léirithe thuas, deimhníonn Coiste ARF go bhfuil an Bord sásta le héifeachtúlacht na rialúchán inmheánach atá i bhfeidhm maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, bunaithe ar athbhreithniú a rinne Mazars. Níor aimsíodh aon toradh tábhachtach nó suntasach san athbhreithniú sin.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Adrian O'Carroll

Cathaoirleach

Dáta: 14/10/2024

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Gallery of Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Gallery of Ireland for the year ended 31 December 2023 as required under section 35 of the National Cultural Institutions Act 1997. The financial statements comprise the statement of financial activities, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of cash flows, and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Gallery of Ireland at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Gallery of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Gallery of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Ineffective expenditure on X-ray system

The statement on internal control discloses that in 2017 the National Gallery acquired an x-ray system at a cost of just under €125,000 to provide for non-destructive examination of collection items. This system has not been used to-date because a suitable location is not available in the Gallery's premises to accommodate its safe operation. The Gallery is currently exploring alternative means to bring the system into use.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

30 October 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Cuimsítear leis na ráitis airgeadais: an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí agus sa chuntas caipitil, an ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach ceart ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ar 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2023 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta

Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cuntas ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis eile faoi leith curtha i láthair ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhianaise sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Caiteachas neamhéifeachtach ar chóras x-ghathaithe


Nocht an ráiteas ar rialú inmheánach gur cheannaigh an Gailearaí Náisiúnta córas x-ghathaithe ar luach díreach faoi bhun €125,000 chun scrúdú neamhscriosach a dhéanamh ar mhíreanna sa bhailiúchán. Níl an córas in úsáid go fóill mar ní raibh ar chumas an Ghailearaí áit fheiliúnach a chur ar fáil le go mbeadh an córas ábalta feidhmiú go sábháilte. Tá an Gailearaí ag fiosrú malairt bealaí chun tús a chur le húsáid an chórais.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

| | Nóta | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | 2023 Iomlán | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | 2022 Iomlán |
|--|-----------|---------------------|------------------|-------------------|---------------------|------------------|--------------------|
| | | € | € | € | € | € | € |
| Ioncam Isteach | | | | | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 12,457,817 | 958,000 | 13,415,817 | 11,314,752 | 958,000 | 12,272,752 |
| Deontas ón Oireachtas -Eile | 2a | 1,152,750 | - | 1,152,750 | 1,266,811 | 1,850,000 | 3,116,811 |
| Ioncam Tabhartais | | 135,892 | - | 135,892 | 148,684 | - | 148,684 |
| Ioncam Caifé/Imeachtaí | | 244,547 | - | 244,547 | 127,494 | - | 127,494 |
| Ioncam ó Thaispeántais | | 502,619 | - | 502,619 | 396,368 | - | 396,368 |
| Ioncam Oideachais | 3 | 130,779 | - | 130,779 | 120,544 | - | 120,544 |
| Ríchíosanna | | 29,453 | - | 29,453 | 40,510 | - | 40,510 |
| Ioncam Urraíochta/Taighde | 4 | 570,621 | 401,791 | 972,412 | 459,030 | 1,049,742 | 1,508,772 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 5 | 121,621 | 6,226 | 127,847 | 222,591 | 13,798 | 236,389 |
| Tabhartais Sócmhainní Oidhreachta | 10 | | 1,652,650 | 1,652,650 | - | 2,228,392 | 2,228,392 |
| Glanioncam ó Chairde GNÉ | 6 | 2,050 | | 2,050 | (14,834) | - | (14,834) |
| Glanioncam ón Siopa | 7 | 339,759 | | 339,759 | 269,224 | - | 269,224 |
| Ioncam Iomlán | | 15,687,908 | 3,018,667 | 18,706,575 | 14,351,174 | 6,099,932 | 20,451,106 |
| Caiteachas | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí Carthanais | | | | | | | |
| Bailiúchán agus Taighde | 8c | 8,818,551 | 418,429 | 9,236,980 | 8,452,526 | 149,549 | 8,602,075 |
| Rannpháirtíocht Phoiblí | 8c | 4,146,097 | | 4,146,097 | 3,612,498 | - | 3,612,498 |
| Oideachas | 8c | 1,304,437 | 49,867 | 1,354,304 | 1,251,340 | 31,593 | 1,282,933 |
| Forbairt | 8c | 890,652 | | 890,652 | 771,203 | - | 771,203 |
| Caiteachas Iomlán | 8c | 15,159,737 | 468,296 | 15,628,033 | 14,087,567 | 181,142 | 14,268,709 |
| Barrachas don bhliain roimh Leithreasáí | | | | | | | |
| Aistriú (go dtí an)/ ón gCuntas Caipitil | 10 | 70,674 | - | 70,674 | 145,912 | - | 145,912 |
| Aistriú(go) Cúlchiste Sócmhainne Oidhreachta | 11 | (44,904) | (2,641,709) | (2,686,613) | (9,878) | (6,138,191) | (6,148,069) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí | 13 | 562,527 | 65,166 | 627,693 | (832,905) | (253,628) | (1,086,533) |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar dhiúscairtí infheistíochta | 13 | 23,518 | 100,161 | 123,679 | (57,318) | (30,464) | (87,782) |
| Costais choimisiúnaithe MPF | | (135,862) | - | (135,862) | (30,180) | - | (30,180) |
| Barrachas/(Caillteanas) don bhliain i ndiaidh Leithreasáí | | 1,004,124 | 73,989 | 1,078,113 | (520,762) | (503,493) | (1,024,255) |

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 27 mar chuid de na Raitis Airgeadais seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Adrian O'Carroll

Cathaoirleach

Dáta: 14/10/2024



Hilary Hough

Comhalta Boird

Dáta: 14/10/2024

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

| | Nóta | Cistí Neamshrianta € | Cistí Srianata € | 2023 € | 2022 Iomlán € |
|--|------|----------------------------|---------------------|------------------|---------------------|
| Barrachas (caillteanas) don bhliain i ndiaidh Leithreasáí Athluacháil Réadmhaoine | | 1,004,124 | 73,989 | 1,078,113 | (1,024,255) |
| | 12 | (290,000) | (340,000) | (630,000) | (200,000) |
| Caillteanas Cuimsitheach eile don bhliain | | (290,000) | (340,000) | (630,000) | (200,000) |
| Ioncam (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain | | 714,124 | (266,011) | 448,113 | (1,224,255) |

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 27 mar chuid de na Raitis Airgid seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Adrian O'Carroll
Cathaoirleach
Dáta: 14/10/2024



Hilary Hough
Comhalta Boird
Dáta: 14/10/2024

Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|-------|-------------------|-------------------|
| Sócmhainní Seasta | | € | € |
| Sócmhainní Oidhreachta ¹ | 10/11 | 56,905,200 | 54,218,587 |
| Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh | 12 | 5,506,219 | 6,283,579 |
| Sócmhainní airgeadais | 13 | 7,289,143 | 6,480,471 |
| Iomlán na Sócmhainní Seasta | | 69,700,562 | 66,982,637 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Fardail | 14 | 213,500 | 312,196 |
| Infháltais | 16 | 512,936 | 1,248,455 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim | 15 | 4,233,841 | 6,785,429 |
| Iomlán na Sócmhainní Reatha | | 4,960,277 | 8,346,080 |
| Dliteanas Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 17 | 1,548,831 | 4,799,757 |
| Ioncam Iarchurtha - Deontas Rialtais | 19 | 1,000,000 | 1,618,848 |
| Ioncam Iarchurtha - Eile | 20 | 2,711,209 | 2,573,366 |
| Iomlán na nDliteanas Reatha | | 5,260,040 | 8,991,971 |
| Glandliteanais Reatha | | (299,763) | (645,891) |
| Iomlán na nGlansócmhainní | | 69,400,798 | 66,336,746 |
| Ag léiriú | | | |
| Cuntas Caipitil | 10 | 548,622 | 619,296 |
| Cúlchistí Neamhshrianta | 21 | 8,445,954 | 7,752,647 |
| Cúlchistí srianta | 21 | 3,501,022 | 3,746,216 |
| Cuntas Caipitil - Sócmhainní Oidhreachta | 11/21 | 56,905,200 | 54,218,587 |
| Iomlán na gCúlchistí | | 69,400,798 | 66,336,746 |

¹ Tá na Sócmhainní Oidhreachta go léir a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an gcostas nó ag an luach a bhí orthu ag dáta an tabhartais.

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 27 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Adrian O'Carroll

Cathaoirleach

Dáta: 14/10/2024



Hilary Hough

Comhalta Boird

Dáta: 14/10/2024

Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

| | | Cistí Neamhshrianta | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | Cistí Srianta | |
|--|-------|------------------------|------------------------|--|------------------------------|-------------------|
| | | Cuntas caipitil | Cúlchistí | Cuntas Caipitil- Sócmhainní Oidhreachta | Cúlchistí Srianta Eile | Iomlán |
| | Nóta | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2022 | | 765,208 | 8,383,409 | 48,075,396 | 4,339,709 | 61,563,722 |
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasáí | | - | (520,762) | | (503,493) | (1,024,255) |
| Ioncam Cuimsitheach Eile | | - | (110,000) | | (90,000) | (200,000) |
| Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh | 10/11 | - | - | 3,914,799 | - | 3,914,799 |
| Sócmhainní Oidhreachta ag an luacháil | 10/11 | - | - | 2,228,392 | - | 2,228,392 |
| Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil | 10 | 61,488 | - | - | - | 61,488 |
| Amúchadh Sócmhainní Seasta | 10 | (207,400) | - | - | - | (207,400) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2022 | | 619,296 | 7,752,647 | 54,218,587 | 3,746,216 | 66,336,746 |

Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

| | | Cistí Neamhshrianta | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | Cistí Srianta | |
|--|-----------|---------------------|---------------------|--|------------------------|-------------------|
| | | Cuntas caipitil | Cúlchistí | Cuntas Caipitil-Sócmhainní Oidhreachta | Cúlchistí Srianta Eile | Iomlán |
| | Nóta | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2023 | | 619,296 | 7,752,647 | 54,218,587 | 3,746,216 | 66,336,746 |
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasáí | | - | 1,004,124 | | 73,989 | 1,078,113 |
| Caillteanas cuimsitheach eile - Athluacháil Réadmhaoine | | - | (290,000) | | (340,000) | (630,000) |
| Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh | 10/1 1 | - | - | 1,033,963 | - | 1,033,963 |
| Sócmhainní Oidhreachta ag an luacháil | 10/1 1 | - | - | 1,652,650 | - | 1,652,650 |
| Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil | 10 | 126,706 | - | - | - | 126,706 |
| Amúchadh Sócmhainní Seasta | 10 | (197,380) | - | - | - | (197,380) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 2023 | | 548,622 | 8,466,771 | 56,905,200 | 3,480,205 | 69,400,798 |

| | | |
|---|--|---|
| San áireamh sna hiarmhéideanna ar 31 Nollaig 2023: | | |
| Luach ar athluachálacha réadmhaoine: | | € |

| | | |
|---|--|-----------|
| San áireamh sna hiarmhéideanna ar 31 Nollaig 2023: | | |
| Cistí Neamshrianta | | 2,250,000 |
| Cistí Srianta | | 2,500,000 |

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023

| | 2023 | 2022 |
|--|--------------------|------------------|
| | € | € |
| Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | |
| Barrachas ioncaim thar chaiteachas | 1,078,113 | (1,024,255) |
| Dímheas agus lagú sócmhainní seasta | 274,063 | 321,973 |
| Laghdú / (méadú) i bhFardal | 98,696 | 71,541 |
| Laghdú in Infháiltais | 735,519 | (992,635) |
| (Laghdú/ Méadú i suimeanna iníoctha | (3,250,926) | 3,000,374 |
| Ús Bainc faighte | | - |
| Díbhinní faighte | (27,847) | (55,880) |
| Méadú / (Laghdú) i nDeontas rialtais iarchurtha | (618,848) | 994,068 |
| Méadú / (Laghdú) in Ioncam iarchurtha - Eile | 137,843 | 158,488 |
| Gluaiseacht sa Chuntas Caipitil | (70,674) | (145,912) |
| Glan-insreabhadh airgid / (Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | (1,644,061) | 2,327,762 |
| Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (126,703) | (93,794) |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí luaite a fháil | (1,033,872) | (1,402,371) |
| Fáltais ó dhiúscairtí infheistíochtaí luaite | 839,107 | 633,189 |
| Gluaiseacht iarmhéideanna airgid infheistíochta | 137,466 | 817,035 |
| Gnóthachan /(caillteanas) athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí | (627,693) | 1,086,532 |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí infheistíochta | (123,679) | 87,782 |
| Glan insreafaí /(Eis-Sreafaí) airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | (935,374) | 1,128,373 |
| Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin | | |
| Ús bainc faighte | 0 | 0 |
| Díbhinní faighte | 27,847 | 55,880 |

| | 2023 | 2022 |
|--|--------------------|------------------|
| | € | € |
| Glan-insreafaí / (Eis-Sreafaí) airgid ó Gníomhaíochtaí Maoiniúcháin | 27,847 | 55,880 |
| Glanmhéadú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim | (2,551,588) | 3,512,015 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ar an 1 Eanáir | 6,785,429 | 3,273,414 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ar an 31 Nollaig | 4,233,841 | 6,785,429 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an nGailearaí leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

(a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Gailearaí faoi Acht Parlaiminte sa bhliain 1854 agus osclaíodh don phobal é sa bhliain 1864 i gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Ghailearaí mar atá leagtha amach i gCuid VI den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

60. – (1) beidh sé mar fheidhm ag na Gobharnóirí agus ag na Caomhnóirí –

- (a) eolas ar na hamharcealaíona a mhéadú agus a scaipeadh taobh istigh nó taobh amuigh den Stát trí cibé modh a mheasann siad a bheith oiriúnach,
- (b) talamh nó leas i dtalamh a dhiúscairt faoi réir thoiliú an Aire agus aon mhaoin eile a dhiúscairt (seachas réada cultúrtha i mbailiúchán an Ghailearaí Náisiúnta), agus
- (c) a bheith rannpháirteach ina leithéid de ghníomhaíochtaí chun críche cistí a chruinniú don Ghailearaí Náisiúnta de réir mar a mheasann siad a bheith cuí.

(2) Tá na feidhmeanna thuasluaite sa bhreis air agus ní in ionad aon fheidhmeanna a bronnadh ar na Gobharnóirí agus ar na Caomhnóirí leis na hAchtanna um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963, agus ní ina n-ionad.

Eintiteas Leasa Phoiblí is ea an Gailearaí

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

(b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaítear ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar atá leagtha amach ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

(c) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil ach amháin roinnt sócmhainní agus dliteanas a thomhaistear ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Maoirseachta idir an Gailearaí Náisiúnta agus an Roinn i bhfeidhm anois. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta le linn a bheith ag plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

(d) Formáid na Ráiteas Airgeadais

Tá formáid na ráiteas airgeadais seo faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán agus mar chuid díobh tá *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*, *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach*, *Ráiteas ar an Staid Airgeadais*, *Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil*, *Ráiteas Sreafaí Airgid* agus nótaí bainteacha. Is comhdhlúthú de na gníomhaíochtaí go léir de chuid an Ghailearaí iad na ráitis airgeadais, mar a leanas:-

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

Cuntais Ioncam Iarchurtha (Nótaí 19 & 20)

Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown: Bunaíodh an ciste seo i 1988 le Scoláireacht a chur ar fáil chun taighde oideachais a chur chun cinn agus a spreagadh.

Ciste Comhaltachta: Cuireadh an ciste seo ar bun trí ghníomhas i 1986 (agus arna leasú i 2005) chun ioncam a ghineadh chun Comhaltachtaí a chur ar fáil i réimsí taighde, caomhnaithe, péintéireachta, dealbhóireachta agus do chuspóirí acadúla eile.

Ciste Lane: Bunaíodh an ciste seo i 1918 nuair a d'fhág Sir Hugh Lane cuid dá eastát ag an nGailearaí, go sonrach, chun pictiúir Éireannacha a cheannach.

Ciste Sciathán na Mílaoise: Bunaíodh an ciste seo chun taifead a dhéanamh ar thabhartais ó bhronntóirí príobháideacha chun cabhrú le Sciathán Mílaoise an Ghailearaí a thógáil agus leis an gcostas a bhain leis an obair sin.

Is Eintitis dhlíthiúla iad seo a leanas, atá neamhspleách ar an nGailearaí agus atá faoi theorainn ráthaíochta (Nóta 6):

Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann: Bunaíodh an chuideachta seo, atá faoi theorainn ráthaíochta, i 1986 chun tacú le gníomhaíochtaí an Ghailearaí trí chur le ballraíocht, chun léirthuisctint ar phéintéireacht, ar dhealbhóireacht agus ar ailtireacht a spreagadh.

Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann: Is carthanas cláraithe sa Ríocht Aontaithe an chuideachta seo atá faoi theorainn ráthaíochta chomh maith agus a bunaíodh chun cistí a chruinniú chun Sciathán na Mílaoise a thógáil agus tá cistí tugtha aige freisin chun pictiúir de bhunús agus de ré áirithe a fháil.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

Cuireadh ioncam, caiteachas, sócmhainn agus dliteanais na n-eintiteas dlíthiúil san áireamh i ráitis airgeadais an Ghailearaí chun ranníocaíocht na n-eintiteas dlíthiúil le gníomhaíochtaí an Ghailearaí a léiriú.

Cuntais Chúlchiste (Nóta 21)

Ciste Shaw: Bunaíodh an ciste seo i 1950 nuair a bhásaigh George Bernard Shaw, a d'fhág ina uacht aon trian d'ioncam iarmharach a eastáit ag an nGailearaí le húsáid faoi lánrogha an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí (An Bord). Tháinig deireadh le ríchíosanna Chiste Shaw i 2020.

Siopa an Ghailearaí Náisiúnta: Bunaíodh an siopa ar dtús faoi Iontaobhas Magawley Banon chun macasamhlacha agus catalóga do shaothair ealaíne sa bhailiúchán a mhaoiniú.

Cuntas Féinacmhainní: Déanann an cuntas seo na hidirbhearta go léir a thairfead maidir le hairgead a tugadh don Ghailearaí chomh maith le hioncam tráchtála a fhaightear ó urraíochtaí, gníomhaíochtaí oideachais, ioncam ó cheadúnas bialainne agus fruiliú áiseanna an Ghailearaí. Déantar tairfead sa chuntas seo freisin ar ioncam agus ar caiteachas a bhaineann le taispeántais.

(e) Formáid do Charthanais

Carthanas cláraithe is ea an Gailearaí (CHY2345). De réir an chleachtais atá molta do charthanais, tá anailís déanta ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghailearaí chun a n-infhaighteacht don Bhord a léiriú mar a leanas:

- Cistí Srianata: Ní féidir leis an nGailearaí na cistí seo a chaitheamh ach do na cúiseanna ar leith ar ar tugadh iad.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

- Cistí Neamhshrianta: Tá na cistí seo ar fáil don Ghailearaí le feidhmiú chun críocha ginearálta an Ghailearaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht faoinar bunaíodh é

(f) Cuntas Caipitil

Aistrítear deontais Stáit chun sócmhainní seasta a cheannach sa Chuntas Caipitil sa bhliain ina ndéantar an caiteachas agus léirítear iad sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* thar shaolré úsáideach na sócmhainní bainteacha. Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(g) Ioncam

I measc an ioncaim a dtugtar cuntas air ar bhunús fáltais airgid tirim, tá:

- Deontais Oireachtais
- Ioncam ó Thabhartais
- Ioncam ó Dhíbhinní
- Ioncam ó Dheontais Rialtais/Urraíocht/Taighde/Ioncam Oideachais

Aithnítear Deontais Rialtais agus ioncam urraíochta a fuarthas do chuspóirí ar leith sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* chun go dtiocfaidís leis an gcaiteachas lena bhfuil siad deonaithe. Áirítear méideanna nach bhfuil caite ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais in Ioncam Iarchurtha sa *Ráiteas* ar an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam urraíochta a fuarthas chun críocha neamhshonracha sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* ar bhonn fáltais airgid tirim.

Tá siad seo a leanas san áireamh san ioncam a aithnítear ar bhonn fabhraithe:

- Ioncam ón gCaifé/Imeachtaí
- Ioncam ó Thaispeántais
- Ríchíosanna
- Ioncam Eile
- Glanioncam ó Chairde GNÉ
- Glanioncam ón Siopa

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

Ioncam ó Ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhraithe ar bhunús ghlanráta úis.

Tabhartais - Sócmhainní Oidhreachta

Deimhníonn coimeádaithe an Ghailearaí, ar saineolaithe aitheanta iad ina réimse oibre, luacháil na bpictiúr a fhaightear trí thiomnacht, mar bhronntanas nó ar shlí ar bith eile seachas iad a cheannach. Is éard atá i gceist leis an bpríomh-mhodh luachála, ná anailís a dhéanamh ar luachanna margaidh saothar inchomparáide, mar aon le measúnú teicniúil mionsonraithe ar riocht fisiceach an phictiúir chun luacháil réasúnta a dhéanamh. Mar sin féin, táthar teoranta go bunúsach maidir le luacháil a dhéanamh ar shaothair a fhaigheann an Gailearaí, mar gheall ar gur saothair uathúla ealaíne iad, de ghnáth, agus gur ar éigean a bhíonn aon mhargadh inchomparáide ann dá leithéid.

(h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar phraghas an idirbhirt, lúide foráil d'fhiachas amhrasach. Aithnítear na gluaiseachtaí go léir san fhoráil d'fhiachas amhrasach sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

(i) Aithint Caiteachais

Aithnítear an caiteachas go léir sa tréimhse lena mbaineann sé agus áirítear aon chaiteachas dá leithéid a tabhaíodh ach atá neamhíoctha ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais i *Suimeanna Iníoctha*.

(j) Sócmhainní Oidhreachta

Is éard atá i mbailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ná pictiúir, dealbha, saothair ar pháipéar, mionsamhlacha, leabhair, cartlanna agus

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

ealaín fheidhmeach, go príomha, gréithe airgid, gloine dhaite agus troscán, agus tá siad ar fad san áireamh sna Sócmhainní Oidhreachta.

De réir FRS 102, déantar saothair ealaíne a fuair an Gailearaí nó a bronnadh ar an nGailearaí a chaipitliú agus a aithint sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag a gcostas nó ag a luach ar an dáta a bhfuarthas iad, sa chás go bhfuil costas nó luach den sórt sin ar fáil go réasúnach.

Cuirtear saothair leis an mbailiúchán trí cheannach, tiomnacht, bronntanas na sócmhainne agus/nó ceannaítear sócmhainní le maoiniú ó thabhartais.

Túsaitint

Déantar taifead ar nithe a cheannaítear a áireamh ag a gcostas sna Raitis Airgeadais. Déantar taifead ar earraí a tugadh (tabhartais) don Ghailearaí ag luacháil reatha atá deimhnithe ag coimeádaithe an Ghailearaí trí thagairt, más féidir, do mhargaí tráchtála bunaithe ar fhaisnéis maidir le luacháil idirbheart ó cheantanna a bhí ann le déanaí. Déantar taifead ar thabhartais, sa chás go mbaineann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ar bhunús luacháil de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Aithnítear tabhartais mar ioncam agus déantar é a chur san áireamh sa chuntas caipitil Sócmhainní Seasta Oidhreachta.

Luacháil

Tá Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann den tuairim go bhfuil an bailiúchán neamhghnách mar shócmhainn ar a lán slite. Tá sé uathúil, leochaileach, an-luachmhar go deo agus ní féidir a leithéid a fháil. Dá bharr sin, is sócmhainn é atá deacair a luacháil i slí a dtuigfeadh léitheoirí ráitis airgeadais é.

I dtuairim an Bhoird, fiú amháin dá mbeifí in ann luachálacha a fháil ar roinnt de na saothair ealaíne sa bhailiúchán, measann an Bord nárbh fhiú an costas a bhainfeadh le luacháil den chineál sin a dhéanamh, de bhrí nach mbeadh aon tairbhe ann do léitheoir na ráiteas airgeadais

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

cuid den bhailiúchán a chur san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Mar thoradh air sin, níl aon luach curtha san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais do Shócmhainní Oidhreachta a fuarthas roimh 2007, an uair a dearnadh saothair a cuireadh leis an mbailiúchán a chaipitliú ar dtús.

Déantar caipitliú páirteach ar Shócmhainní Oidhreachta ar bhunús an dáta a bhfuarthas an saothar mar thoradh ar an riachtanas a éilítear faoi FRS 102, alt 34.

Lagú

Ní dhéantar Sócmhainní Oidhreachta a dhímheas. Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú ar luach Sócmhainne Oidhreachta, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúltaicé Ioncaim Coinnithe sa bhliain ar leith. D'fhéadfadh Sócmhainn Oidhreachta a bheith lagaithe, mar shampla, sa chás go dtiocfadh meath fisiceach uirthi, go mbeadh sí briste nó go dtiocfadh amhras chun cinn maidir lena barántúlacht.

Costais Chaomhnaithe

Aithnítear caiteachas atá ag teastáil chun míreanna aonair de chuid an bhailiúcháin a chaomhnú nó chun níos mó meatha a chosc, chomh maith leis na costais a bhaineann leis an mbailiúchán a bhainistiú, sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ag an am a dtabhaítear iad.

Is féidir breis eolais maidir le cineál agus scála bhailiúcháin an Ghailearaí a fháil i Nóta 11.

(k) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Seachas mar atá luaite thíos, tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ag a gcostas nó ag a luacháil, lúide dímheas carntha. Tá an muirear dímheasa ríofa chun an bunchostas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide an luach measta iarmharach, thar saolré ionchasach úsáideach mar a leanas:

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | | |
|----------------------------|---|-------------------|
| Talamh & Foirgnimh | - | Nil |
| Troscán & Feistis | - | 10% Líne dhíreach |
| Trealamh & Mótarfheithiclí | - | 20% Líne dhíreach |

Cuirtear dímhéas de bhliain iomlán i bhfeidhm sa bhliain a bhfaightear an saothar agus ní chuirtear dímhéas i bhfeidhm i mbliain na diúscairthe nó ar Shócmhainní faoi Fhorbairt. Ní dhéantar sócmhainní faoi luach €10,000 a chaipitliú agus déantar iad a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá formhór na bhfoirgneamh atá á n-úsáid ag an nGailearaí i seilbh agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus dá réir sin, aithnítear na foirgnimh sin i ráitis airgeadais Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá dhá réadmhaoin faoi úinéireacht an Ghailearaí – Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean agus Uimh. 5 Sráid Laighean Theas. Aithnítear iad sin sna ráitis airgeadais ag úsáid na samhla athluachála. Déantar athluachálacha ar bhonn bliantúil chun a chinntiú nach mbíonn difear suntasach idir an tsuim ghlanluacha agus an tsuim a chinnfí ag úsáid luach cothrom ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Má mhéadaítear glanluach na sócmhainne mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Má laghdaítear an méid glanluacha mar thoradh ar athluacháil, aithnítear é sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach sa mhéid go n-aisiompáíonn sé méadú athluachála na sócmhainne agus cuirtear aon chomhardú san áireamh sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Tá cosc ar an mBord aon Sócmhainní Oidhreachta a dhiúscairt. Sa mhír seo, ní thagraíonn diúscairt sócmhainní seasta nach Sócmhainní Oidhreachta iad. Áirítear le diúscairtí: díolachán, iasachtaí fadtéarmacha, tabhartas in aisce, traipisiú agus tabhartas d'eagraíocht charthanachta. Féadfaidh an Bord a shonrú gur cheart don Bhord aon

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

diúscairt os cionn tairseach cheadaithe a fhorhhuiniú go foirmiúil agus féadfaidh sé srianta sonracha a fhorchur maidir le haon diúscairt den chineál sin. Is é an polasaí atá i bhfeidhm ná cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus sócmhainní á ndiúscairt, sa chás go bhfuil na sócmhainní sin sa bhreis ar riachtanais ghinearálta. Ba cheart go ndéanfaí na sócmhainní a dhiúscairt ar ceant nó le próiseas iomaíoch tairisceana, seachas i gcás imthoscaí eisceachtúla (amhail díolachán le comhlacht carthanachta). Ba cheart go mbeadh an modh a d'úsáidfí trédhearcach agus ba cheart gur dócha go mbainfeadh sé luach cothrom an mhargaidh amach. Ba cheart luach cúlchiste na sócmhainne atáthar a dhiúscairt a shocrú, más gá agus más indéanta, bunaithe ar luacháil ghairmiúil. Ba cheart sonraí gach diúscairta nó gach cheadaithe ar rochtain ar réadmhaoin nó ar bhonneagar chun críocha socruithe tráchtála le tríú páirtithe (seachas tríú páirtithe gaolmhara) faoi bhun €150,000, nach raibh ceant nó próiseas iomaíoch tairisceana i gceist, a thuairisciú go foirmeálta don Bhord gach bliain, agus an praghas a íocadh mar aon le hainm an cheannaitheora a chur san áireamh.

Ní dhímheasann an Gailearaí a chuid foirgneamh mar tá polasaí cothabhála agus deisithe rialta aige agus mar sin, coimeádtar na foirgnimh ag an gcaighdeán feidhmíochta a measúnaíodh roimhe sin.

(I) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt cistí ag an nGailearaí a bhaineann le méideanna a fágadh le huacht agus a bronnadh ar an nGailearaí chun críocha ar leith. Bainistíonn bainisteoirí seachtracha na cistí seo agus áirítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag luach an mhargaidh. Déantar na cistí a luacháil ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear na hathruithe i luach na gcistí bainistithe, de bharr athruithe ar luach an mhargaidh, sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais mar ghnóthachan nó cailteanais neamhréadaithe. Aithnítear aon ghnóthachan nó cailteanais a bhaineann le hinfheistíochtaí á ndiúscairt sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

(m) Fardal

Tá earraí le hathdhíol i Siopa an Ghailearaí san áireamh san fhardal agus déantar iad a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Tá foráil iomlán déanta do rudaí atá as feidhm agus rudaí nach bhfuil mórán díol orthu.

(n) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Aithnítear na difríochtaí aistrithe a bhíonn mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear idirbhearta ainmnithe in airgeadraí eachtracha a dhéantar i rith na bliana ag na rátaí malairte ag dáta an idirbhirt. Tá cuntas ar na difríochtaí malairte atá mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

(o) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós, pá laethanta saoire mar chostas sa bhliain agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tá na scéimeanna pinsin seo a leanas ag an nGailearaí:

Tá an pinsean le sochar sainithe iníoctha le státseirbhísigh bhunaithe agus le fostaithe stáit neamhbhunaithe sa Ghailearaí, agus glacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an dliteanas ina leith seo. Cuirtear na ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó fhostaithe chuig an Roinn.

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), is seo scéim le sochar sainithe do na fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí arna

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA), is soláthraí údaraithe PRSA atá i mbun na scéime seo. Déanann an Gailearaí ranníocaíocht suas le 7% leis an scéim agus cuirtear an dá ranníocaíocht go díreach chuig soláthraí an PRSA ar bhonn míosúil.

(p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an lucht bainistíochta buntuisicint, breithiúnais, agus meastacháin a dhéanamh a bhfuil éifeacht acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear d'ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Mar sin féin, de bharr an chineál meastacháin atá i gceist d'fhéadfadh sé go mbeadh na fíorthorthaí difriúil ó na meastacháin sin. Níl aon bhreithiúnais déanta ag an nGailearaí a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinneadh athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteach leis na haicmí sócmhainní seasta go léir, go háirithe saolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas. Ba é tátal an athbhreithnithe go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha mar is cuí.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

2. Deontas Oireachtais¹ - faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | 2023 | 2022 Iomlán |
|---|----------------------------|----------------------|-------------|--------------------|
| | € | € | € | € |
| Reatha - Ranníocaíocht do Chostas Riaracháin | 12,437,000 | | 12,437,000 | 11,299,000 |
| Caipiteal - Ranníocaíocht d'Athchóiriú, Caomhnú agus Leabharlann | | 958,000 | 958,000 | 958,000 |
| Reatha - Ranníocaíocht le Comhbhráithreachas na nÍósánach | | | - | - |
| Scaoileadh deontais iarchurtha i gcomhair Caomhnaithe, Leabharlainne & Comhbhráithreachas na nÍósánach | 20,817 | | 20,817 | 15,752 |
| | 12,457,817 | 958,000 | 13,415,817 | 12,272,752 |

¹ Deontas Oireachtais (Vóta 33 Fo-cheannteideal A.13) is ea deontas bliantúil an Ghailearaí do chaiteachas reatha agus caipitil. Baineann caiteachas reatha le pá, costais oibriúcháin agus caiteachas cláir.

Baineann costais chaipitil leis an gcaiteachas ar an tionscadal athchóirithe, caomhnú agus leabhair leabharlainne.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

2a. Deontas Oireachtais – Eile - faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán & Na Coimisinéirí Ioncaim

| | Cistí Neamshrianta | | Cistí Srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|---|--------------------|--|---------------|------------------|------------------|
| | € | | € | € | € |
| Reatha - Costais Riaracháin ¹ | 460,000 | | - | 460,000 | 1,228,000 |
| Caipiteal - Ranníocaíocht chun Sócmhainní Oidhreachta a fháil | | | | | 1,850,000 |
| Taispeántas - Lavinia Fontana | 500,000 | | | 500,000 | - |
| Taispeántas - Deich mBliana Cuimhneacháin | 32,008 | | | 32,008 | - |
| An Geilleagar Oíche (Thursday Lates) | 20,036 | | | 20,036 | 5,631 |
| MPF4 - Athlonnú Oifigí uimh. 88 go 90 | 138,031 | | | 138,031 | 30,180 |
| Lá Líníochta | 2,675 | | | 2,675 | 3,000 |
| | 1,152,750 | | - | 1,152,750 | 3,116,811 |

¹ 2022 – San áireamh, tá trí dheontas speisialta de €500,000, €420,000 agus €258,000 ó Chiste na nDánlann Réigiúnach, Gailearaithe, Ionaid Chultúir agus Tionscadail de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

² 2022 -Deontas speisialta aon uaire de €1,850,000 ón Roinn.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

3. Ioncam Oideachais

Tagann an t-ioncam seo ó ranganna teagaisc agus turais oideachais threoraithe a chuirtear ar fáil.

4. Ioncam Urraíochta/Taighde

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|---|---------------------|----------------|------------------|------------------|
| | € | € | € | € |
| Urraíochtaí Oideachais | 86,000 | 0 | 86,000 | 75,000 |
| An Leabharlann agus na Cartlanna | 36,778 | 0 | 36,778 | 34,925 |
| Oifig Forbartha | 385,589 | 10,000 | 395,599 | 1,263,946 |
| Urraíocht Chorparáideach | 590,104 | 0 | 590,104 | 351,986 |
| | 1,098,471 | 10,000 | 1,108,471 | 1,725,857 |
| Iomlán aistriú (go dtí)/ ó Ioncam Iarchurtha | (527,850) | 391,791 | (136,059) | (217,085) |
| | 570,621 | 401,791 | 972,412 | 1,508,772 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

5. Ioncam Ilghnéitheach

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|--|----------------------------|----------------------|--------------------|--------------------|
| | | € | € | € |
| Ús bainc | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Díbhinní | | 6,226 | 27,847 | 55,880 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 0 | 0 | 0 | 16,383 |
| Bord Fáilte (Digitiú a dhéanann an beart) | 0 | 0 | 0 | 10,500 |
| Tabhartais | 100,000 | 0 | 100,000 | 153,626 |
| | 121,621 | 6,226 | 127,847 | 236,389 |

6. Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|------------------------------|----------------------------|----------------------|--------------------|--------------------|
| | | € | € | € |
| Ioncam | 379,648 | 0 | 379,648 | 334,267 |
| Costais Oibriúcháin | (377,598) | | (377,598) | (349,101) |
| Barrachas / (Easnamh) | 2,050 | 0 | 2,050 | (14,834) |

Cuireadh ioncam, caiteachas, sócmhainn agus dliteanais na n-eintiteas dlíthiúil san áireamh i ráitis airgeadais an Ghailearaí chun ranníocaíocht na n-eintiteas dlíthiúil le gníomhaíochtaí an Ghailearaí a léiriú.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

7. Siopa

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|--------------------------------|----------------------------|----------------------|--------------------|--------------------|
| | € | € | € | € |
| Díolacháin/ Ioncam eile | 1,510,333 | - | 1,510,333 | 1,369,108 |
| Costas Díolacháin | (776,412) | - | (776,412) | (679,924) |
| | 733,921 | - | 733,921 | 689,184 |
| Costais Oibriúcháin | (394,162) | - | (394,162) | (419,960) |
| Glanbhrabús | 339,759 | - | 339,759 | 269,224 |

8a. Anailís ar an gCaiteachas Iomlán

| | Bailiúcháin & Taighde | Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Oideachas | Forbairt | Iomlán |
|---|----------------------------------|--|------------------|-----------------|---------------|
| | € | € | € | € | € |
| Iomlán Neamhshrianta agus Srianta | | | | | |
| 2023 | | | | | |
| Tuarastal & Costais Pá eile | 2,448,439 | 1,109,105 | 360,520 | 230,127 | 4,148,191 |
| Costais um Chúram an Bhailiúcháin, & Taispeántas | 1,258,430 | 26,883 | 0 | 0 | 1,285,313 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | 211,793 | 258,775 | 91,001 | 2,256 | 563,825 |
| Léachtaí agus Turais | 0 | 4,084 | 110,380 | 4,354 | 118,818 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | | | | | |
|--|-----------|-----------|-----------|---------|------------|
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 22,794 | 14,325 | 0 | 53,134 | 90,253 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 153,735 | 51,959 | 3,212 | 44,511 | 253,417 |
| | 4,095,191 | 1,465,131 | 565,113 | 334,382 | 6,459,817 |
| Costais Tacaíochta | 5,141,789 | 2,680,966 | 789,191 | 556,270 | 9,168,216 |
| | 9,236,980 | 4,146,097 | 1,354,304 | 890,652 | 15,628,033 |
| 2022 | | | | | |
| Tuarastal & Costais Pá eile | 2,217,128 | 975,587 | 338,956 | 206,175 | 3,737,846 |
| Costais um Chúram an Bhailiúchán, & Taispeántas | 1,063,630 | 25,969 | 0 | 0 | 1,089,599 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | 150,606 | 188,419 | 102,674 | 9,209 | 450,908 |
| Léachtaí agus Turais | 0 | 3,279 | 80,077 | 2,613 | 85,969 |
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 36,511 | 5,863 | 0 | 28,266 | 70,640 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 118,129 | 75,947 | 3,357 | 30,961 | 228,394 |
| | 3,586,004 | 1,275,064 | 525,064 | 277,224 | 5,663,356 |
| Costais Tacaíochta | 5,016,071 | 2,337,434 | 757,869 | 493,979 | 8,605,353 |
| | 8,602,075 | 3,612,498 | 1,282,933 | 771,203 | 14,268,709 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

8b. Caiteachas do Chuspóirí Carthanachta – Srianta

| | Bailiúcháin & Taighde | Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Oideachas | Forbairt | Iomlán |
|---|-----------------------|---|-----------|----------|----------|
| | € | € | € | € | € |
| Srianta | | | | | |
| 2023 | | | | | |
| Tuarastal & Costais Pá eile | 313,515 | | 33,210 | | 346,725 |
| Costais um Chúram an Bhailiúchán, & Taispeántas | 53,673 | | | | 53,673 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | 1,165 | | 18,018 | | 19,183 |
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 21,000 | | | | 21,000 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 47,899 | | 633 | | 48,532 |
| | 437,252 | 0 | 51,861 | 0 | 489,113 |
| Costais Tacaíochta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aistriú maoinithe ó Mhaoiniú Iarchurtha | (18,823) | 0 | (1,994) | 0 | (20,817) |
| | 418,429 | 0 | 49,867 | 0 | 468,296 |
| 2022 | | | | | |
| uarastal & Costais Pá eile | 117,989 | | 21,622 | | 139,611 |
| Costais Cúraim an Bhailiúchán, & Taispeántas | 27,673 | | | | 27,673 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | 740 | | 11,606 | | 12,346 |
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 14,525 | | | | 14,525 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 1,934 | | 805 | | 2,739 |
| | 162,861 | 0 | 34,033 | 0 | 196,894 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | Bailiúcháin & Taighde | Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Oideachas | Forbairt | Iomlán |
|--|-----------------------|---|-----------|----------|----------|
| | € | € | € | € | € |
| Costais Tacaíochta | | | | | 0 |
| Aistriú maoinithe ó Mhaoiniú Iarchurtha | (13,312) | | (2,440) | | (15,752) |
| | 149,549 | 0 | 31,593 | 0 | 181,142 |
| | | | | | |
| | | | | | |

8c. Caiteachas do Chuspóirí Carthanachta – Neamhshrianta

| | Bailiúcháin & Taighde | Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Oideachas | Forbairt | Iomlán |
|---|-----------------------|---|-----------|----------|-----------|
| | € | € | € | € | € |
| Neamhshrianta | | | | | |
| 2023 | | | | | |
| Tuarastal & Costais Pá eile | 2,134,924 | 1,109,105 | 327,310 | 230,127 | 3,801,466 |
| Costais um Chúram an Bhailiúcháin, & Taispeántas | 1,204,757 | 26,883 | 0 | 0 | 1,231,640 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | 210,628 | 258,775 | 72,983 | 2,256 | 544,642 |
| Léachtaí agus Turais | | 4,084 | 110,380 | 4,354 | 118,818 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | Bailiúcháin & Taighde | Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Oideachas | Forbairt | Iomlán |
|---|--------------------------------------|--|------------------|-----------------|---------------|
| | € | € | € | € | € |
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 1,794 | 14,325 | | 53,134 | 69,253 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 105,836 | 51,959 | 2,579 | 44,511 | 204,885 |
| | 3,657,939 | 1,465,131 | 513,252 | 334,382 | 5,970,704 |
| Costais Tacaíochta | 5,160,612 | 2,680,966 | 791,185 | 556,270 | 9,189,033 |
| | 8,818,551 | 4,146,097 | 1,304,437 | 890,652 | 15,159,737 |
| 2022 | | | | | |
| Tuarastail & Costais Pá eile | 2,099,139 | 975,587 | 317,334 | 206,175 | 3,598,235 |
| Costais um Chúram an Bhailiúcháin, & Taispeántas | 1,035,957 | 25,969 | 0 | 0 | 1,061,926 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | 149,866 | 188,419 | 91,068 | 9,209 | 438,562 |
| Léachtaí agus Turais | | 3,279 | 80,077 | 2,613 | 85,969 |
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 21,986 | 5,863 | 0 | 28,266 | 56,115 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 116,195 | 75,947 | 2,552 | 30,961 | 225,655 |
| | 3,423,143 | 1,275,064 | 491,031 | 277,224 | 5,466,462 |
| Costais Tacaíochta | 5,029,383 | 2,337,434 | 760,309 | 493,979 | 8,621,105 |
| | 8,452,526 | 3,612,498 | 1,251,340 | 771,203 | 14,087,567 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| Gníomhaíochtaí atá san áireamh sna costais tacaíochta | 2023 | 2022 |
|---|------------------|------------------|
| | € | € |
| Tuarastail & Costais Pá Eile | 5,237,199 | 5,235,960 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Promóisean | | |
| Táillí Comhairleoireachta/ Gairmiúla | 324,652 | 238,513 |
| Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas | 125,898 | 132,316 |
| Taisteal & Cothabháil | 34,821 | 25,350 |
| Costais Shlándála | 445,727 | 401,220 |
| Árachas | 47,986 | 41,907 |
| Postas & Teileachumarsáid | 87,517 | 84,823 |
| Costais TF | 512,460 | 356,767 |
| Priontáil, Stáiseanóireacht & Soláthairtí | 43,819 | 45,757 |
| Costais Áitreabh | 1,862,547 | 1,502,932 |
| Táillí Iniúchóireachta OARCC¹ | 57,300 | 53,200 |
| Táillí Iniúchóireachta Eile | 52,427 | 47,103 |
| Dímheas | 274,063 | 287,307 |
| Costais Oifige agus Riarachán | 61,800 | 152,198 |
| | 9,168,216 | 8,605,353 |

¹ Ba (€50,300) táille iniúchóireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste do 2023 agus gearrmhuirear ó 2022 (€7,000). Ba €45,700 an táille iniúchóireachta do 2021.

Leithdháiltear costais tacaíochta ar bhonn na gCostas Tuarastail agus Costais Pá Eile atá tiomnaithe chun tacú le gníomhaíochtaí carthanachta agus gníomhaíochtaí ginte airgid na heagraíochta mar a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|-----------|-----------|
| | € | € |
| Bailiúchán & Taighde | 5,141,789 | 5,016,071 |
| Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | 2,680,966 | 2,337,434 |
| Oideachas | 789,191 | 757,869 |
| Forbairt | 556,270 | 493,979 |
| | 9,168,216 | 8,605,353 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

9a. Tuarastal agus Costais Pá Eile

Tá na costais foirne mar seo a leanas:

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|----------------------------------|---------------------|----------------|------------------|------------------|
| | € | € | € | € |
| Pá & Tuarastal | 7,382,782 | 315,751 | 7,698,533 | 7,645,298 |
| ÁSPC an Fhostaitheora | 761,353 | 30,974 | 792,327 | 770,171 |
| Foireann Ghníomhaireachta | 894,530 | 0 | 894,530 | 558,337 |
| | 9,038,665 | 346,725 | 9,385,390 | 8,973,806 |

Sochair Chomhiomlán Fostaithe

| Sochair Chomhiomlán Fostaithe | 2023 | 2022 |
|--|------------------|------------------|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 8,593,063 | 8,062,510 |
| Sochair foirceanta | 0 | 141,125 |
| Costais na sochar scoir | 0 | 0 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta | 792,327 | 770,171 |
| | 9,385,390 | 8,973,806 |

Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | 2023 | 2022 |
|---------------------------------|------------------|------------------|
| | € | € |
| Bunphá | 8,490,860 | 8,248,539 |
| Ragobair | - | 14,051 |
| Liúntais | - | 11,754 |
| Gníomhaireacht | 894,530 | 558,337 |
| | 9,385,390 | 8,832,681 |

Costais Foirne rangaithe in áit eile (Féach Nótaí 6 & 7)

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|----------------------------------|----------------------------|----------------------|--------------------|--------------------|
| | € | € | € | € |
| Siopa | 292,504 | - | 292,504 | 330,053 |
| Cairde GNÉ | | | | |
| Costais Phárolla | 219,430 | - | 219,430 | 205,064 |
| Costais Phinsean | 6,941 | - | 6,941 | 5,834 |
| Foireann Ghníomhaireachta | - | - | - | 16,765 |
| | 518,875 | - | 518,875 | 557,716 |
| Luach Saothair Iomlán | 9,038,665 | 346,725 | 9,385,390 | 9,930,397 |

(b) Líon na bhFostaithe

Líon na ndaoine fostaithe (stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh) ar an 31 Nollaig:

| | 2023 | 2022 |
|------------------------|---------------|---------------|
| | F.T.E. | F.T.E. |
| Foireann Oifige | 93.8 | 99.1 |
| Freastalaithe | 77.5 | 74 |
| | 171.3 | 173.1 |

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird, an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Ceannasaí na mBailiúchán & Taighde agus an Ceannasaí um Fhorbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara na príomhphearsanra bainistíochta i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Tá luach iomlán sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

| | 2023 | 2022 |
|------------------|-------------|-------------|
| | € | € |
| Tuarastal | 287,945 | 351,714 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | | 2023 | 2022 |
|---------------------------|--|---------|---------|
| | | € | € |
| Liúntais | | - | - |
| Sochair Foirceanta | | - | - |
| Árachas Sláinte | | - | - |
| | | 287,945 | 351,714 |

Níl luach na sochar scoir tuillte linn na tréimhse san áireamh anseo. Tá príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Ghailearaí agus ní ghabhann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin thar théarmaí Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí. Líon baill foirne gníomhaireachta post an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha i rith na bliana. B'ionann na costais a bhain leis seo, nach bhfuil san áireamh thuas, agus €101,198.

(d) Luach Saothair an Stiúrthóra

I 2023, íocadh tuarastal de €119,263 (2022: €108,621) le Stiúrthóir an Ghailearaí Is ionann teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra agus teidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais sochar sainithe na hearnála poiblí.

I 2023, thabhaigh an Stiúrthóir costais de €20,336 (2022: €4,989). Bhí costais athlonnaithe de €10,000 i gceist anseo.

(e) Miondealú ar shochair fostaithe

| Réimse sochar iomlán fostaithe | | Líon na bhFostaithe | Líon na bhFostaithe |
|--------------------------------|----------|---------------------|---------------------|
| Ó | Go | 2023 | 2022 |
| €60,000 | €69,999 | 7 | 12 |
| €70,000 | €79,999 | 4 | 4 |
| €80,000 | €89,999 | 8 | 6 |
| €90,000 | €99,999 | 0 | 0 |
| €100,000 | €109,999 | 0 | 1 |
| €110,000 | €119,999 | 1 | 1 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

10. Cuntas Caipitil

| | 2023 | 2022 |
|---|-------------------|-------------------|
| | € | € |
| Iarmhéid - 1 Eanáir | 619,296 | 765,208 |
| Aistrithe ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh Breise | 126,706 | 61,488 |
| Dímheas Sócmhainní | (197,380) | (207,400) |
| Gluaiseacht iomlán sa bhliain | (70,674) | (145,912) |
| Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig | 548,622 | 619,296 |
| Sócmhainní Oidhreachta: | | |
| Iarmhéid - 1 Eanáir | 54,218,587 | 48,075,396 |
| Sócmhainní a Ceannaíodh le linn na Bliana | 1,033,963 | 3,914,799 |
| Sócmhainní Tabhartais | 1,652,650 | 2,228,392 |
| Gluaiseacht iomlán sa bhliain | 2,686,613 | 6,143,191 |
| Iarmhéid Deiridh - 31 Nollaig | 56,905,200 | 54,218,587 |

11. Sócmhainní Oidhreachta

Is é an Gailearaí mórghoras cultúir náisiúnta na hÉireann atá tiomanta do bhailiú agus cúram a dhéanamh do shaothar mínealaíne, ina bhfuil thart ar 18,136 pictiúr, líníocht, pictiúir uiscédhatha, miondealbh, priontaí, dealbha agus *objets d'art* agus tá breis agus 100,000 imleabhar sa Leabharlann Mhínealaíne. Tá sárshaothair le cuid de na healaíontóirí is cáiliúla i stair ealaíne Iarthar na hEorpa i mbailiúchán forleathan an fhorais. Chomh maith leis sin, is sa Ghailearaí atá an bailiúchán is ionadaíche ar Ealaín stairiúil na hÉireann. Arna mhaoiniú ag an Stát, cuireann an Gailearaí rochtain saor in aisce ar fáil don phobal 361 lá sa bhliain.

Faomhann an Bord na saothair ealaíne go léir a fhaightear, ach amháin earraí Leabharlainne agus Cartlainne mar is féidir leis an Stiúrthóir nó an Leabharlannaí iad seo a fhaomhadh. Rinneadh

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

athbhreithniú ar pholasaí an Ghailearaí um Shaothair Faighte i 2023. Tá timpeall 677 saothar ealaíne ar taispeáint go poiblí sa Ghailearaí faoi láthair agus tá 462 ar iasacht in áiteanna eile. Tá saothair ar pháipéar ar fáil le hamharc orthu, ar iarratas.

Tá cosc ar an mBord aon Sócmhainní Oidhreachta a dhiúscairt. Is sa Ghailearaí atá bailiúchán náisiúnta de phictiúir, dealbha, priontaí agus líníochtaí. Ealaín Eorpach ó 1300 go dtí an lá atá inniu ann is mó atá sa bhailiúchán. Tá réimse sárshaothair sa Ghailearaí le healaíontóirí ó mhór-scoileanna ealaíne na hEorpa, agus tá an bailiúchán is cuimsithí ar domhan d'ealaín na hÉireann ann freisin. Tá saothar sa bhailiúchán ó ealaíontóirí mór le rá, ar nós, Vermeer agus Titian, Monet agus Picasso. Tá objets d'art sa bhailiúchán freisin, gréithe airgid, troscán agus bailiúcháin chartlainne, agus is anseo atá an bailiúchán portraíde náisiúnta freisin. Tá bailiúchán tábhachtach leabharlainne, lena n-áirítear leabhair uathúla, agus roinnt bailiúchán tábhachtach cartlainne a bhaineann le healaín Éireannach agus le sainréimsí eile sna bailiúcháin, ina measc, an Lárionad um Staidéar ar Ealaín Éireannach, Cartlann Yeats agus páipéir Sir Denis Mahon. Ar an iomlán, tá bailiúchán an Ghailearaí thar a beith tábhachtach agus tá sé inchurtha leis na músaeim is cáiliúla san Eoraip.

Tá an Gailearaí tiomanta an bailiúchán a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach stuama freagrach. Chun é sin a bhaint amach, cloíonn an Gailearaí go dlúth leis na prionsabail maidir le caomhnú coiscteach, agus déantar sin go príomha tríd an timpeallacht agus an solas a rialú agus déantar cóireálacha caomhnaithe nuair is gá. Úsáideann an Gailearaí córas bainistíochta bailiúchán (CBB) freisin chun an bailiúchán a chatalógú agus saothair faighte, taifid suímh, taispeántais agus iasachtaí a bhainistiú.

Léirítear Sócmhainní Oidhreachta arna gcaipitliú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais anseo thíos.

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | Costas | Luacháil | Iomlán |
|-------------------------------------|-------------------|-------------------|-------------------|
| | € | € | € |
| Mar a bhí ar 1 Eanáir 2022 | 18,788,855 | 29,286,541 | 48,075,396 |
| Breiseanna 2022 | 3,914,799 | 2,228,392 | 6,143,191 |
| Mar a bhí ar 1 Eanáir 2023 | 22,703,654 | 31,514,933 | 54,218,587 |
| Breiseanna 2023 | 1,033,963 | 1,652,650 | 2,686,613 |
| Mar a bhí ar 31 Nollaig 2023 | 23,737,616 | 33,167,583 | 56,905,200 |

Tá na Sócmhainní Oidhreachta go léir a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag a gcostas nó a luach ar an dáta a bhfuarthas iad. Sa chás go bhfuarthas Sócmhainní Oidhreachta faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, cuireann luachálaí gairmiúil seachtrach, ceaptha ag na Coimisinéirí Ioncaim, luachálacha ar fáil. Sa chás go mbronntar pictiúir ar an nGailearaí, nó go bhfágtar aige le huacht iad nó go bhfaightear ar bhealach eile iad seachas ar an margadh oscailte, déanann coimeádaithe an Ghailearaí, ar saineolaithe aitheanta ina réimsí féin iad, luacháil orthu. Is é an príomh-mhodh luachála chun teacht ar luacháil réasúnach ná anailís a dhéanamh ar luachanna saothar inchomparáide ar an margadh reatha, in éineacht le measúnú teicniúil mionsonraithe ar riocht fisiceach an phictiúir ar leith. Mar sin féin, tá deacracht bhunúsach ag baint le luacháil a dhéanamh ar shaothar a fhaigheann an Gailearaí, toisc gur saothair uathúla ealaíne a bhíonn iontu ó nádúr, de ghnáth, agus is ar éigean a bhíonn margadh inchomparáide ann dóibh.

Achoimre airgeadais cúig bliana ar shaothair faighte

| | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|------------------|------------------|------------------|------------------|------------------|
| | € | € | € | € | € |
| Costas iomlán na saothar faighte | 1,033,963 | 3,914,799 | 3,925,547 | 939,874 | 933,603 |
| Luacháil iomlán na saothar faighte | 1,652,650 | 2,228,392 | 1,217,065 | 283,053 | 1,330,116 |
| Iomlán | 2,686,613 | 6,143,191 | 5,142,612 | 1,222,927 | 2,263,719 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

Sócmhainní Oidhreachta nach bhfuil caipitlithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Tá an chuid sin den bhailiúchán nach bhfuil caipitlithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais leagtha amach thíos:

| | Líon iomlán na bpíosáí | Líon caipitlithe | % caipitlithe | Líon nach bhfuil caipitlithe | % nach bhfuil caipitlithe |
|-------------------------|------------------------|------------------|---------------|------------------------------|---------------------------|
| Saothair Ealaíne | 18,136 | 1,874 | 10.3% | 16,262 | 89.7% |

Níl an chuid is mó de bhailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann caipitlithe. Is féidir cineálacha agus scála an bhailiúcháin a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí (<https://www.nationalgallery.ie/>).

12. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh Oifige & Mótarfheithiclí | Troscán & Feistis | Sócmhainní faoi Fhorbairt | Iomlán |
|--------------------------------|-----------------------|-----------------------------------|-------------------|---------------------------|------------------|
| | € | € | € | € | € |
| Costas | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 5,380,000 | 1,849,518 | 1,852,102 | 0 | 9,081,620 |
| Breiseanna | | 27,910 | 98,793 | | 126,703 |
| Díscríobh | | | | 0 | 0 |
| Athluacháil¹ | (630,000) | | | | (630,000) |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 4,750,000 | 1,877,428 | 1,950,895 | - | 8,578,323 |

| Dímheas | € | € | € | € | € |
|----------------------------|---|-----------|-----------|---|-----------|
| Ar 1 Eanáir 2023 | - | 1,497,436 | 1,300,605 | - | 2,798,041 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - |
| Muirear don bhliain | - | 147,439 | 126,624 | | 274,063 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | | | | | |
|-------------------------------------|------------------|----------------|----------------|---|------------------|
| Ar 31 Nollaig 2023 | -- | 1,644,875 | 1,427,229 | - | 3,072,104 |
| Glanluach de réir na leabhar | | | | | |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 4,750,000 | 232,553 | 523,666 | - | 5,506,219 |
| Ar 31 Nollaig 2022 | 5,380,000 | 352,082 | 551,497 | - | 6,283,579 |

¹ Rinne Suirbhéirí Cairte cáilithe de chuid Lambert Smith Hampton athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh. Rinneadh athluacháil ar na Sócmhainní astu féin ar an 31 Nollaig 2023 ag luach cothrom comhiomlán de €4,750,000. Tá siad bunaithe ar shainmhíniú ar Luach an Mhargaidh mar atá sainmhínte i Lámhleabhar Shuirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga um Chaighdeán Bhreithmheasa agus Luachála ar bhunús Úsáide Reatha. Is ionann seo agus laghdú ar an luacháil a rinneadh ar an 31 Nollaig 2022. Tá na foirgnimh dá dtagraítear dóibh thuas faoi úinéireacht an Ghailearaí. Tá na hoifigí agus na foirgnimh eile atá in úsáid ag an nGailearaí faoi úinéireacht agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh 2022

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh Oifige & Mótarfheithicilí | Troscán & Feistis | Sócmhainní faoi Fhorbairt | Iomlán |
|--------------------------------|------------------------------|---|------------------------------|----------------------------------|------------------|
| | € | € | € | € | € |
| Costas | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2022 | 5,580,000 | 1,833,266 | 1,774,560 | 34,667 | 9,222,493 |
| Breiseanna | | 16,252 | 77,542 | | 93,794 |
| Díscríobh¹ | | | | (34,667) | (34,667) |
| Athluacháil² | (200,000) | | | | (200,000) |
| Ar 31 Nollaig 2022 | 5,380,000 | 1,849,518 | 1,852,102 | - | 9,081,620 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| Dímheas | € | | € | € | € | € |
|--|------------------|--|----------------|----------------|---------------|------------------|
| Ar 1 Eanáir 2022 | - | | 1,329,573 | 1,181,162 | - | 2,510,735 |
| Diúscairtí | - | | - | - | - | - |
| Muirear don bhliain | - | | 167,863 | 119,443 | | 287,306 |
| Ar 31 Nollaig 2022 | - | | 1,497,436 | 1,300,605 | - | 2,798,041 |
| Glanluach de réir na leabhar ar 31 Nollaig 2022 | 5,380,000 | | 352,082 | 551,497 | - | 6,283,579 |
| Glanluach de réir na leabhar ar 31 Nollaig 2021 | 5,580,000 | | 503,693 | 593,398 | 34,667 | 6,711,758 |

¹ Baineann athrangú sa chás seo leis an Tionscadal Source a thosaigh beo ar líne i 2021. ¹Rangaíodh aon chaiteachas a bhain leis an tionscadal roimhe seo faoi Shócmhainní faoi Fhorbairt. Cuireadh deireadh leis an tionscadal i rith na bliana.

² Rinne Suirbhéirí Cairte cáilithe de chuid Lambert Smith Hampton athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh. Rinneadh athluacháil ar na Sócmhainní astu féin ar an 31 Nollaig 2022 ag luach cothrom comhiomlán de €5,380,000. Tá siad bunaithe ar shainmhíniú ar Luach an Mhargaidh mar atá sainmhínte i Lámhleabhar Shuirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga um Chaighdeán Bhreithmheasa agus Luachála ar bhunús Úsáide Reatha. Tá na foirgnimh dá dtagraítear dóibh thuas faoi úinéireacht an Ghailearaí. Tá na hoifigí agus na foirgnimh eile atá in úsáid ag an nGailearaí faoi úinéireacht agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|---|----------------------------|----------------------|--------------------|--------------------|
| Muirear dímheasa | € | € | € | € |
| Muirear a gearradh ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais | 273,578 | - | 273,578 | 286,821 |
| Muirear a gearradh in áiteanna eile: | - | - | - | - |
| Siopa | - | - | - | - |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|---|---------------------|---------------|----------------|----------------|
| Muirear dímheasa | € | € | € | € |
| Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | 485 | - | 485 | 485 |
| Iomlán | 274,063 | - | 274,063 | 287,306 |

13. Sócmhainní Airgeadais

| | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|--|------------------|------------------|
| | € | € |
| Luach an mhargaidh ar 1 Eanáir | 6,215,519 | 6,620,650 |
| Breiseanna ag a gcostas | 1,033,873 | 1,402,372 |
| Diúscairtí ag luach an mhargaidh | (839,107) | (633,189) |
| Gnóthachan /(Cailteanas) Réadaithe ar dhiúscairt | 123,679 | (87,782) |
| Gnóthachan/(Cailteanas) Neamhréadaithe ar Athluacháil | 627,693 | (1,086,532) |
| Luach Infheistíochtaí Luaite ag 31 Nollaig | 7,161,657 | 6,215,519 |
| Airgead tirim arna shealbhú mar chuid den Phunann Infheistíochta | 127,486 | 264,952 |
| Ar 31 Nollaig | 7,289,143 | 6,480,471 |

Is iad Goodbody Stockbrokers a dhéanann Cistí an Ghailearaí a bhainistiú anois. Tá Polasaí Infheistíochta an Ghailearaí faofa ag an mBord agus déantar athbhreithniú air go rialta i rith na bliana.

14. Fardal

| | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|---------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Stoc Trádála | 213,500 | 312,196 |

Tá siopa ag feidhmiú sa Ghailearaí. Is éard is fardal ann ná earraí le hathdhíol sna gnóthaí seo. Gearradh fardal dar luach €776,412 (2022: €679,924) ar Chostais na nDíolachán.

15. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | 2023 | 2022 |
|---------------------------|------------------|------------------|
| | € | € |
| Cuntais Reatha | 3,949,638 | 6,501,814 |
| Cuntais Taisce | 283,167 | 283,167 |
| Cartaí Creidmheasa | (5,228) | (6,890) |
| Mionairgead | 2,569 | 3,643 |
| Eile | 3,695 | 3,695 |
| Iomlán | 4,233,841 | 6,785,429 |

16. Infhaltais

| | 2023 | 2022 |
|------------------------------|----------------|------------------|
| | € | € |
| Féichiúnaithe Trádála | 223,176 | 78,063 |
| Féichiúnaithe Eile | 28,794 | 31,300 |
| Réamhíocaíochtaí | 260,966 | 1,139,092 |
| | 512,936 | 1,248,455 |

17. Suimeanna Iníoctha

| | 2023 | 2022 |
|----------------------------------|------------------|------------------|
| | € | € |
| Creidiúnaithe Trádála | 352,761 | 399,582 |
| CBL, PSWT & IMAT/ÁSPC | 314,778 | 278,110 |
| Creidiúnaithe Eile | 53,527 | 31,418 |
| Ioncam Fabhraithe | 827,765 | 4,090,647 |
| | 1,548,831 | 4,799,757 |

18. Nochtaí um Pháirtithe Gaolmhara

Is iad príomhphearsanra bainistíochta an Ghailearaí ná an Stiúrthóir agus comhaltaí an Bhoird.

Tá sonraí maidir le tuarastal agus costais an Phríomhphearsanra Bainistíochta san áireamh i Nóta 9 (d).

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

De réir chinneadh an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, níl táillí Boird iníoctha ón 28 Feabhra 2014.

Tá cleachtais de réir na dtreoirínite atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann maidir le leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird.

I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh an Gailearaí Náisiúnta dul i mbun socruithe conartha le heintitis ina bhfuil a chomhaltaí Boird fostaithe nó ina bhfuil leas acu iontu ar shlí eile.

I gcásanna go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméadacht de chuid an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt ar shlí ar bith eile ná ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na hidirbhearta sin. Coimeádtar clár de theagmhais den sórt sin go léir agus tá sé ar fáil ar iarratas.

19. Ioncam Iarchurtha – Deontas Rialtais

| | 2023 | 2022 |
|---|------------------|------------------|
| | € | € |
| Comhbhráithreachas na nÍosánach | 0 | 20,817 |
| Státchiste - Tacaíocht Fuinnimh | 0 | 1,460,000 |
| Deontas MPF4 | 0 | 138,031 |
| Tacaíocht do Thaispeántais¹ | 1,000,000 | 0 |
| | 1,000,000 | 1,618,848 |

¹. Tá ciste €1m coinnithe i gcomhair chostas a bhainfeadh le taispeántais sa todhchaí.

20. Ioncam Iarchurtha - Eile

| | Iarmhéid | Gluaiseacht | Gluaiseacht | Iarmhéid |
|--|-----------------|--------------------|--------------------|-------------------|
| | 1 Eanáir | Ioncam | Caiteachas | 31 Nollaig |
| | 2023 | | | 2023 |
| | € | € | € | € |
| Ciste Sciathán na Mílaoise | 786,222 | | | 786,222 |
| Ciste Chomhairle Dargan | 0 | | | 0 |
| Ciste na Breataine | 25,643 | 11,507 | (8,961) | 28,189 |
| Ciste Comhaltachta | 251,353 | | | 251,353 |
| Cairde GNÉ | 451,778 | 368,141 | (403,059) | 416,860 |
| Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown | 187,276 | | (34,538) | 152,738 |
| Ciste Lane | 45,541 | | | 45,541 |
| Tionscadal Caomhnaithe Merrill Lynch de chuid Bank of America | 14,815 | | | 14,815 |
| Ciste Cartlainne Sir Denis Mahon | 6,727 | | | 6,727 |
| Ciste Taighde Leabharlainne Decipher AE | 87,815 | | | 87,815 |
| Tionscadal Leabharlainne Wilson | 21,820 | 36,778 | (33,536) | 25,062 |
| Fondúireacht Kress - Ciste Leabharlainne | 24,750 | | (21,000) | 3,750 |
| Ciste Getty um Chaomhnú Canbháis | 153,584 | | (153,584) | 0 |
| Caomhnú Murillo | 9,364 | | | 9,364 |
| Apollo | 17,608 | 36,000 | (33,210) | 20,398 |
| Iontaobhas Séadchomharthaí | 1,042 | 1,100 | (2,142) | 0 |
| Lárionad Staidéir ar Ealaín Éireannach | 35,292 | 50,000 | (80,754) | 4,538 |
| Comórtas Portráide | 30,578 | 150,106 | (50,684) | 130,000 |
| Ciste Sarah Cecilia Harrison | 27,107 | | (2,068) | 25,039 |
| Ciste Hospital Saturday | 13,500 | | | 13,500 |
| Tionscadal Your Gallery at School | 26,880 | 125,000 | (18,008) | 133,872 |
| Ciste um Chaomhnú Eolaíochta | 180,426 | 375,000 | | 555,426 |

Nótaí leis na Raitis Airgeadais

| | | | | |
|--|------------------|------------------|--------------------|------------------|
| Ciste Taispeántais Lavina Fontana | 174,245 | | (174,245) | 0 |
| Iomlán | 2,573,366 | 1,153,632 | (1,015,789) | 2,711,209 |

Notaí leis na Ráitis Airgeadais

Ioncam Iarchurtha - Eile 2022

| | Iarmhéid | Gluaiseacht | Gluaiseacht | Iarmhéid |
|--|----------------------|--------------------|--------------------|------------------------|
| | 1 Eanáir 2022 | Ioncam | Caiteachas | 31 Nollaig 2022 |
| | € | € | € | € |
| Ciste Sciathán na Mílaoise | 786,222 | - | - | 786,222 |
| Ciste Chomhairle Dargan | 97,110 | - | (97,110) | 0 |
| Ciste na Breataine | 21,725 | 3,918 | - | 25,643 |
| Ciste Comhaltachta | 251,353 | - | - | 251,353 |
| Cairde GNÉ | 416,580 | 35,198 | - | 451,778 |
| Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown | 216,287 | - | (29,011) | 187,276 |
| Ciste Lane | 45,541 | - | - | 45,541 |
| Tionscadal Caomhnaithe Merrill Lynch de chuid Bank of America | 14,815 | - | - | 14,815 |
| Ciste Cartlainne Sir Denis Mahon | 6,727 | - | - | 6,727 |
| Ciste Taighde Leabharlainne Decipher AE | 87,815 | - | - | 87,815 |
| Tionscadal Leabharlainne Wilson | 5,249 | 34,925 | (18,354) | 21,820 |
| Fondúireacht Kress - Ciste Leabharlainne | | 39,275 | (14,525) | 24,750 |
| Ciste Getty um Chaomhnú Canbháis | 178,843 | - | (25,259) | 153,584 |
| Caomhnú Murillo | 9,364 | - | - | 9,364 |
| Apollo | 39,472 | - | (21,864) | 17,608 |
| Iontaobhas Séadchomharthaí | 2,451 | - | (1,409) | 1,042 |
| Lárionad Staidéir ar Ealaín Éireannach | 66,840 | 50,000 | (81,548) | 35,292 |
| Comórtas Portráide | 87,195 | - | (56,617) | 30,578 |
| Ciste Sarah Cecilia Harrison | 29,545 | - | (2,438) | 27,107 |
| Ciste Hospital Saturday | 13,500 | - | - | 13,500 |
| Tionscadal Your Gallery at School | 38,244 | - | (11,364) | 26,880 |
| Ciste um Chaomhnú Eolaíochta | | 180,426 | - | 180,426 |

Notaí leis na Ráitis Airgeadais

| | | | | |
|--|------------------|----------------|------------------|------------------|
| Ciste Taispeántais Lavina Fontana | | 174,245 | - | 174,245 |
| Iomlán | 2,414,878 | 517,987 | (359,499) | 2,573,366 |

21. Cúlchistí

| | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | 2023 Iomlán | 2022 Iomlán |
|--|----------------------------|----------------------|--------------------|--------------------|
| | € | € | € | € |
| Sócmhainní Oidhreachta ¹ | | 56,905,200 | 56,905,200 | 54,218,587 |
| Cuntas Caipitil | 548,622 | | 548,622 | 619,296 |
| Stáitchiste | 597,307 | (136,227) | 461,080 | 657,625 |
| Féinacmhainní ² | 727,564 | 465,068 | 1,192,632 | 504,019 |
| Ciste Shaw | 8,173,264 | | 8,173,264 | 7,587,219 |
| Ciste Sciathán na Mílaoise | 2,120,000 | | 2,120,000 | 2,750,000 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 12,166,757 | 57,234,041 | 69,400,798 | 66,336,746 |

¹ Tá Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 caipitlithe ar aon dul le FRS 102, Alt 34.

² Tá Tabhartais, Taispeántais agus Siopa an Ghailearaí san áireamh.

22. Máistirphlean Forbartha

